



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2018  
(OR. en)

10184/18

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2018/0247 (COD)**

---

**ELARG 38  
COWEB 92  
CFSP/PESC 578  
RELEX 563  
FIN 474  
CADREFIN 117  
CODEC 1091  
POLGEN 98**

## **TOGRA**

|                              |                                                                                                                                             |
|------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:                           | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir                                                       |
| dáta a fuarthas:             | 14 Meitheamh 2018                                                                                                                           |
| chuig:                       | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais<br>Eorpaigh                                                                        |
| Uimh. an doic. ón<br>gCoim.: | COM(2018) 465 final                                                                                                                         |
| Ábhar:                       | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN<br>gCOMHAIRLE lena mbunaítear lonstraim um Chúnamh Réamhaontachais<br>(IPA III) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 465 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: COM(2018) 465 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 14.6.2018  
COM(2018) 465 final

2018/0247 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)**

{SEC(2018) 310 final} - {SWD(2018) 337 final}

## **MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

### **1. COMHTHEACS AN TOGRA**

#### **• Forais agus cuspóirí**

Ba cheart breathnú ar an togra seo mar chuid den chreat airgeadais ilbhliantúil a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal ‘Buiséad nua-aimseartha do Aontas a chumhdaíonn, a chumhachtaíonn agus a chosnaíonn — an Creat Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh 2021-2027’<sup>1</sup>. Leagtar síos sa Teachtaireacht na príomhthosaíochtaí agus an creat buiséadach foriomlán le haghaidh chlár ghníomhaíochta seachtraí an Aontais Eorpaigh faoin gceannteideal ‘Chomharsanacht agus an Domhan’. Áirítear air sin an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III).

Tá foráil sa togra seo maidir le IPA III a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021 amach. Tá sé curtha chun tosaigh ag an Aontas Eorpach i 27 mBallstát. Tá an méid sin ag teacht leis an bhfógra ón Ríocht Aontaithe maidir lena bhfuil beartaithe aici tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as Euratom bunaithe ar Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Fuair an Chomhairle Eorpach an fógra an 29 Márta 2017.

Déantar foráil in Airteagal 49 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) go bhféadfaidh aon stát Eorpach a urramaíonn luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de mhionlaigh iad, agus a thugann gealltanas na luachanna sin a chur chun cinn, iarratas a dhéanamh ar bheith ina chomhalta den Aontas. Ní fhéadfaidh stát Eorpach a chuir iarratas isteach ar dhul isteach san Aontas a bheith ina chomhalta go dtí go mbeidh sé deimhnithe go gcomhlíonann sé na critéir bhallraíochta a bhunaigh an Chomhairle Eorpach i gCóbanhávan i Meitheamh 1993 ('critéir Chóbanhávan') agus ar choinníoll go mbeidh ar acmhainn an Aontais an comhalta nua a lánpháirtiú.

Baineann critéir Chóbanhávan leis na nithe seo a leanas:

- cobhsaíocht na n-institiúidí a ráthaíonn an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus urraim ar na mionlaigh agus cosaint na mionlach;
- gilleagar margaidh feidhmeach a bheith ann, chomh maith leis an acmhainn chun déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí margaidh laistigh den Aontas; agus
- an cumas ní amháin na cearta ach na hoibleagáidí a leagtar amach sna Conarthaí a ghlacadh, lena n-áirítear cloí leis na haidhmeanna maidir le haontas polaitiúil, eacnamaíoch agus airgeadaíochta.

Tá an próiseas um méadú bunaithe ar chritéir sheanbhunaithe agus ar choinníollacht dhian. Déantar gach iarrthóir nó iarrthóir ionchasach a mheasúnú ar bhonn a fhiúntais féin. Is é is aidhm leis an measúnú ar an dul chun cinn atá bainte amach, agus aon easnamh a shainaithint, dreasachtaí agus treoir a chur ar fáil do thairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I chun tabhairt faoi na hathchóirithe forleithne. Le gur féidir leis an gcuspóir um méadú teacht in inmhe, tá sé rithábhachtach cloí go docht leis an ngealltanas maidir le ‘bunphrionsabail i dtoscach’<sup>2</sup>. Leis an méadú, neartaítear an tsíocháin, an

<sup>1</sup> COIM(2018) 321 final ar fáil ag

[https://ec.europa.eu/commission/priorities/democratic-change/future-europe/eu-budget-future\\_en](https://ec.europa.eu/commission/priorities/democratic-change/future-europe/eu-budget-future_en)

<sup>2</sup> Cruthaítear nasc leis an gcur chuige maidir le ‘bunphrionsabail i dtoscach’ idir an smacht reachta agus cearta bunúsacha agus an dá réimse rithábhachtacha eile lena gcumhdaítear an próiseas um méadú: Rialachas eacnamaíoch – fócas neartaithe ar fhorbairt eacnamaíoch agus ar iomaíochas feabhsaithe – agus institiúidí daonlathacha a neartú agus athchóiriú ar an riarachán poiblí. Tá gach ceann de na tríú bhunphrionsabail

daonlathas agus an chobhsaíocht san Eoraip agus cuireann sé ar chumas an Aontais bheith ullamh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda. Cruthaítear athchóiriú polaitiúil agus eacnamaíoch forleathan i gcomhpháirtithe an mhéadaithe, a théann chun sochair an Aontais ina iomláine freisin, le cumhacht claochlaithe phróiseas an mhéadaithe. Tá an dul chun cinn i dtreo an aontachais ag brath ar a mhéid a urramaíonn gach iarrthóir luachanna an Aontais agus a mhéid is féidir leo tabhairt faoi na hathchóirithe is gá chun a chórais pholaitiúla, institiúideacha, dlí, riaracháin agus eacnamaíocha a chur i gcomhréir le rialacha, caighdeáin, beartaí agus cleachtais an Aontais.

I Samhain 2015, leag an Coimisiún Eorpach straitéis mheántéarmach amach do bheartas an Aontais um méadú<sup>3</sup>, straitéis atá fós bailí. Sa chlár reatha um méadú, cumhdaítear comhpháirtithe na mBalcán Thiar agus na Tuirce. Osclaíodh an idirbheartaíocht maidir leis an aontachas leis an Tuirc (2005), le Montainéagró (2012), agus leis an tSeirbia (2014). Tá Poblacht Iar-Iúglavach na Macadóine ina iarrthóir ó 2005 i leith agus bhain an Albáin stádas iarrthóra amach in 2014. An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (a chuir isteach a iarratas le teacht isteach san Aontas Eorpach i Feabhra 2016) agus an Chosaiv\* (lenar tháinig Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais i bhfeidhm in Aibreán 2016), is iarrthóirí ionchasacha iad. An 17 Aibreán 2018, mhol an Coimisiún Eorpach don Chomhairle tús a chur le hidirbheartaíocht aontachais le Poblacht Iar-Iúglavach na Macadóine agus leis an Albáin i bhfianaise an dul chun cinn atá déanta. Dhéanfaidh sé seo an móiminteam le haghaidh athchóiriú reatha a chothabháil agus a dhoimhniú.

D'athdheimhnigh an Coimisiún Eorpach an t-ionchas daingean do bhallraíocht den Aontas Eorpach do na Balcáin Thiar bunaithe ar fhiúntais an ionchais sin, ina Theachtaireacht le déanaí uaidh, 'Peirspictíocht inchreidte faoi mhéadú le haghaidh na mBalcán Thiar agus rannpháirtíocht fheabhsaithe AE leis na Balcáin Thiar'<sup>4</sup>. Teachtaireacht láidir spreagúil do na Balcáin Thiar ar fad is ea é agus is léiriú é ar ghealltanas an Aontais Eorpaigh don todhchaí Eorpach seo acu.

Choinnigh an Coimisiún idirphlé oscailte cuiditheach leis an Tuirc le tamall agus bhí gach deis á tapú aige chun a chur in iúl go soiléir nár mhór go mbeidh bearta agus athchóirithe comhfhreagracha ag gabháil leis an ngealltanas sainráite ón Tuirc maidir le haontachas. Tá sé tábhachtach freisin go leanfar den idirphlé leis an Tuirc i roinnt réimsí rithabhachtacha a bhaineann leis an leas coiteann. Áirítear orthu sin caidrimh trádála agus eacnamaíocha, fuinneamh, iompar, imirce agus tearmann, beartas eachtrach, slándáil agus frithsceimhlitheoireacht.

Threoirigh trí phríomheilimint an togra seo le haghaidh Rialachán, mar atá:

- Le haghaidh 2021-2027, ba cheart do IPA III a shainmhíniú go soiléir i straitéis nua na mBalcán Thiar agus ba cheart go léireofaí inti sé forbairtí sa chaidreamh leis an Tuirc. Léiríonn IPA III cuspóirí na straitéise nua sin chun:
  - tionchar na dtionscnamh suaitheanta a leagtar amach sa straitéis a uasmhéadú;
  - cabhrú leis an bpróiseas claochlaithe sna Balcáin Thiar sa chéad tréimhse eile;
  - cláir láidre maidir le hathchóiriú eacnamaíoch a chur chun feidhme; agus
  - an fócas ar athchóirithe is gá a athnuachas le haghaidh ballraíochta san am atá le teacht.

---

rithabhachtach don phróiseas athchóirithe sna tíortha is iarrthóirí agus sna tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí agus aghaidh a thabhairt ar innithe rithabhachtacha na saoránach.

<sup>3</sup> COIM(2015) 611 final ar fáil ag

[https://ec.europa.eu/neighbourhood-enlargement/sites/near/files/20151110\\_strategy\\_paper\\_en.pdf](https://ec.europa.eu/neighbourhood-enlargement/sites/near/files/20151110_strategy_paper_en.pdf)

\* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

<sup>4</sup> COIM(2018) 65 final ar fáil ag

<http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52018DC0065>

- Léirítear i straitéis na mBalcán Thiar gur cheart go ndéanfaí dáta aontachais a chomhlíonadh le haghaidh roinnt iarrthóirí ar a laghad, ar dhíanchionníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha go léir. Ní mór meáin airgeadais a bheith ar fáil chun tacú leis na hullmhúcháin agus na hinfheistíochtaí is gá sna blianta roimh an aontachas. Áirítear air sin trasdul comhleánach gan uaim ó stádas ballstáit réamhaontachais go dtí stádas Ballstáit. Ceanglaítear ann freisin ar chomhpháirtithe an acmhainn is gá a fhorbairt chun cistí an Aontais Eorpaigh a ionsú, go háirithe chun an beartas talmhaíochta agus comhtháthaithe a chur chun feidhme.
- Tá cur chun feidhme IPA II fós ar bun agus ba cheart leanúnachas a chaomhnú.

I dtaca le tosaíochtaí polaitiúla, déanfar IPA III a mhúnlú bunaithe ar na príomhthosaíochtaí atá leagtha síos sna doiciméid ábhartha um méadú agus sna doiciméid straitéise ábhartha. Seo iad: an smacht reachta, cearta bunúsacha agus rialachas; forbairt shocheacnamaíoch; Beartais agus *acquis* an Aontais; teagmhálacha idir daoine agus athmhuintearas, caidreamh maith idir comharsana agus comhar réigiúnach. Cé gur sainmhíníodh iad seo cheana faoi IPA II, cuirtear príomhdhúshláin eile amhail imirce, slándáil, cosaint an chomhshaoil agus athrú aeráide san áireamh ar bhonn níos feiceálaí sa togra freisin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana**

Tá cuíchóiriú mór ar na hionstraimí um maoiniú seachtrach á bheartú ag an gCoimisiún san am céanna. Tá difear substainteach fós idir cuspóirí na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais, áfach, agus cuspóirí ginearálta ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, ós rud é gurb é is aidhm le IPA comhpháirtithe a ullmhú agus tacú lena bpróiseas aontachais. Dá bhrí sin, tá sé rithábhachtach ionstraim shaincheaptha a choinneáil a thacaíonn leis an méadú, agus san am céanna ionstraim a dhéanann a chomhlántacht le cuspóirí ginearálta ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus go háirithe leis an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta (NDICI)<sup>5</sup>.

Leis an togra seo beidh an tAontas in ann leanúint de bheith ag comhlíonadh a chuspóirí maidir le réamhaontachas. Ar nós na n-ionstraimí um maoiniú seachtrach atá ann faoi láthair, ba cheart go leanfadh IPA III de bheith ina Rialachán cumasúcháin, ina leagtar amach na cuspóirí atá le saothrú mar chuid den ullmhúchán le haghaidh aontachais agus san am céanna éascaíocht a dhéanamh maidir le cúnamh a spriocdhíriú ar riachtanais gach iarrthóra.

Faoi mar a luadh san athbhreithniú meántearma a rinneadh le haghaidh na n-ionstraimí le haghaidh bearta seachtracha<sup>6</sup>, shroich IPA II an cuspóir a leagadh amach dó agus measadh é a bheith ábhartha. Dá bhrí sin ní mholtar ach mionathruithe a dhéanamh. Is é an príomhathrú gur cheart na cuspóirí a athstruchtúrú i gcomhréir leis an aidhm fhoriomlán chun feidhmíocht a thomhas.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

I gcur chun feidhme an Rialacháin seo, áiríteofar comhsheasmhacht le beartais agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais.

Leis an togra beidh an réamhaontachas ina chuid rithábhachtach go fóill den bheartas gníomhaíochta seachtraí. Leanfaidh IPA III de bheith nasctha go dlúth le cláir eile um ghníomhaíocht sheachtrach.

<sup>5</sup> C (2018) 460 final Togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta.

<sup>6</sup> Athbhreithniú meántearma ar na hionstraimí um maoiniú seachtrach — [https://ec.europa.eu/europeaid/evaluation-instrument-pre-accession-assistance-ipa-ii-draft-report\\_en](https://ec.europa.eu/europeaid/evaluation-instrument-pre-accession-assistance-ipa-ii-draft-report_en)

Leathnaítear beartais inmheánacha an Aontais Eorpaigh go dtí na tíortha comhpháirtithe um méadú. Cuireann sé leis na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:

- an margadh inmheánach, an Limistéar Eorpach Ceartais agus Saoirse agus na gréasáin thras-Eorpacha fuinnimh agus iompair a leathnú amach;
- cruthú post, forbairt scileanna, oideachas agus cuimsiú sóisialta agus an bhochtaineacht a laghdú;
- an comhshaol a chosaint agus truailliú trasteorann a laghdú;
- ailíniú leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus leis an gComhbheartas Iascaigh;
- iarrachtaí chun foinsí fuinnimh a éagsúlú agus slándáil fuinnimh a áirithiú, lena n-áirítear forbairt fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus an t-aistriú go geilleagar ciorclach, feabhas a chur ar theacht aniar ó thubaistí, cosc ar rioscaí agus bainistiú tubaistí; agus
- iarrachtaí chun cur chuige níos comhtháite agus níos straitéisí maidir le beartais mhuirí, le barr feabhais eolaíoch agus an clár oibre digiteach a bhaint amach.

Ina theannta sin, le cóineasú le beartas aeráide agus le reachtaíocht an Aontais, ba cheart go soláthrófaí sochair mhóra do na tíortha comhpháirtíochta um méadú trí bhíthin forbartha ísealcharbóin agus post níos glaise a chruthú i réigiún atá fíorleochaileach do thionchar an athraithe aeráide.

Sa togra ón gCoimisiún maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, leagadh síos sprioc níos uailmhianaí maidir le bearta ar son na haeráide a phríomhshruthú i gclár uile an Aontais, is é sin 25 % san iomlán de chaiteachas an Aontais a bheith ag rannchuidiú le cuspóirí aeráide a bhaint amach. Déanfar rannchuidiú IPA III le gnóthú na sprice foriomláine sin a rianú le córas marcóirí aeráide de chuid an Aontais ar leibhéal iomchuí imdhealaithe, lena n-áirítear modheolaíochtaí níos cruinne a úsáid má bhíonn fáil ar a leithéid. Leanfaidh an Coimisiún den fhaisnéis a chur i láthair go bliantúil i dtéarmaí leithreasuithe faoi chomhair gealltanais i gcomhthéacs an dréachtbhuiséid bhliantúil.

Chun gur fusa lánleas a bhaint as poitéinseal an chláir rannchuidiú le cuspóirí aeráide, féachfaidh an Coimisiún le gníomhaíochtaí ábhartha a shainaithint i rith phróisis ullmhúcháin, cur chun feidhme, athbhreithnithe agus meastóireachta an chláir.

Déanfaidh an clár, dá bhrí sin, comhlántachtaí a lorg i ndáil le réimse leathan clár de chuid an Aontais. Áirítear orthu sin:

- na cláir inmheánacha beartais (sineirgíochtaí leis na beartais maidir le slándáil, imirce, taighde agus nuálaíocht, an comhshaol agus gníomhú ar son na haeráide, nascacht agus fuinneamh); agus
- An Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta, trí thacar de rialacha coiteanna a bhfuil feidhm acu maidir le gach ionstraim maoinithe sheachtraigh, comhpháirt infheistíochta coiteann a choimeád agus ranníocaíocht na n-ionstraimí maoinithe sheachtraigh a thacaíonn leis an ngné sheachtrach de Erasmus a shimpliú.

Ba cheart go mbeadh leas á bhaint ag an tairbhí a liostaítear in Iarscríbhinn I as cláir théamacha maidir leis an Ionstraim um Chomharsanacht, um Fhorbairt agus um Chomhar Idirnáisiúnta go háirithe chun tacú le cearta an duine.

Ba cheart IPA III a bheith ina chuid den Chiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus arna leagan amach sa Rialachán maidir le NDICI agus rannchuidiú le riachtanais sholáthair na Ráthaíochta do Gníomhaíochtaí Seachtracha maidir lena mbaineann le hoibríochtaí sna tairbhí a liostaítear in Iarscríbhinn I. An Ráthaíocht Gníomhaíochta Seachtraí, arna maoiniú ag an Rialachán seo agus ag

NDICI, cumhdóidh sé freisin soláthar do chúnamh macrairgeadais chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna maidir le comhardú íocaíochta sna tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus i dtíortha ábhartha eile. Ba cheart an soláthar don Ráthaíocht Gníomhaíochta Seachtraí do chúnamh macrairgeadais, a bheith ar chóimhéid chun dul i ngleic leis na dúshláin pholaitiúla agus le héagobhsaíocht eacnamaíoch na dtíortha sin, agus an méid iasachta bliantúil a ghlacadh mar a bheadh pointe tagartha ann, méid a comhaontaíodh sa Athbhreithniú Meántéarmach ar Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020. Ba cheart an tacaíocht neamhinchláráithe seo a bheith comhlántach le modúlachtaí eile cúnaimh a leagtar síos sa Rialachán seo.

Trí bhíthin a Chomhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais agus a chomhaontuithe eile le tíortha is iarrthóirí agus le hiarrthóirí ionchasacha, spreagann an tAontas comhpháirtithe an mhéadaithe go gníomhach chun córais iomaíochta a bhunú.

Ceann de na haidhmeanna is mó ar chlár oibre an Aontais is ea áit níos sábháilte a dhéanamh den Eoraip. Trí threoshuíomh straitéiseach an chúnaimh airgeadais feabhsú i leith réamhaontachais, cuideoidh sé le tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe um méadú chun dul i ngleic le coireacht eagraithe agus le héilliú agus iad a chosc, agus a gcumas a neartú maidir le forghníomhú an dlí, agus a gcumas chun imirce a bhainistiú lena n-áirítear bainistiú teorainneacha.

Leis an méadú, tugtar tionchar breise don Aontas agus neartaítear a thionchar i bhfóraim idirnáisiúnta. Le próiseas an aontachais leis na Balcáin Thiar agus leis an Tuirc tugtar leas agus tionchar níos mó fós don Aontas i réigiún na Meánmhara agus na Mara Duibhe agus in imchuach na Danóibe.

## **2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**

### **• Bunús dlí**

Tá an beartas um méadú bunaithe ar Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Deirtear ann go mbeidh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta bunaithe ar na prionsabail a spreag a chruthú, a fhorbairt agus an méadú a tháinig air, prionsabail a bhféachann sé lena gcur ar aghaidh sa domhan mór: an daonlathas, an smacht reachta, uilechoitinne agus dodhealaitheacht chearta an duine agus na mbunsaoirsí, an meas ar dhínit an duine, prionsabail an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta, agus an meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta’.

Is é Airteagal 212(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais.

### **• Coimhdeacht**

Is uathúil an cúnamh a thugtar leis an Ionstraim um chúnamh réamhaontachais sa chaoi a dtugann sé aghaidh ar an gcuspóir maidir le tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha a ullmhú do bhallraíocht san Aontas. Is ar leibhéal an Aontais amháin is féidir an cuspóir sin a bhaint amach go leordhóthanach.

An breisluach a bhaineann le cúnamh réamhaontachais, braitheann sé freisin ar raon feidhme na n-ionstraimí a mbaineann sé úsáid astu. Trí bhíthin dianúsáid a bhaint as na tionscnaimh Nascadh (*Twinning*) agus TAIEX (ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise) cuirtear saineolas Ballstát áirithe ar fáil do thairbhíthe IPA chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar a riachtanais shonracha. Toradh nithiúil is ea é caidreamh fadtéarmach le hinstiitiúid chontrapáirte chomhchosúil i mBallstát a dhéanamh a eascraíonn as Nascadh.

Cuireann an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais comhar críochach chun cinn go gníomhach, mar shampla trí chlár thrasteorann, clár maidir le comhar trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach, agus straitéisí macrairéigiúnacha. Is léir go bhfuil breisluach leis sin: athmhuintearas agus muinín a chothú

sna Balcáin Thiar, bacainní geografacha agus cultúrtha a shárú agus an caidreamh maith idir comharsana a fhorbairt. Is gnéithe ríthábhachtacha iad sin ar fad den phróiseas um méadú i gcónaí, gnéithe nach dtugtar aghaidh orthu ach le cláir de chuid an Aontais amháin agus ní hea trí obair deontóirí eile.

- **Comhréireacht**

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní théann an Rialachán beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a bhaint amach.

### **3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ SIARGHABHÁLACHA, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí siarghabhálacha/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinneadh athbhreithniú meántearma ar an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais II (IPA II) ag deireadh 2016. Cé go raibh an cur chun feidhme sna céimeanna luatha go fóill, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht sheachtrach gur chomhlíon IPA II a chuid cuspóirí i dtéarmaí thosaíochtaí an Aontais agus riachtanais na dtairbhíthe. De réir na tuarascála meastóireachta, léiríodh gur éirigh IPA II níos straitéisí ná a réamhtheachtaí. I dtéarmaí tosaíochtaí, leagtar níos mó béime ar na nithe seo a leanas:

- athchóirithe ríthábhachtacha a chur chun cinn, i.e. trí ‘bunphrionsabail’ na straitéise um méadú (an smacht reachta agus cearta bunúsacha, institiúidí daonlathacha a neartú agus an riarachán poiblí a athchóiriú, agus rialachas eacnamaíoch); agus
- torthaí athchóirithe, trí chreat feidhmíochta a thabhairt isteach.

Lena chois sin, léirigh sé go bhfuil acmhainn ann dul i ngleic go solúbtha ar ghéarchéimeanna agus ar dhúshláin a thagann chun cinn (ar nós tuilte, imirce agus saincheisteanna slándála).

Tá IPA II tar éis díriú níos mó ar fheidhmíocht agus ar thorthaí, ach d’fhéadfaí feabhas a chur ar chúrsaí go fóill: Maidir le cáilíocht na dtáscairí, maidir le creataí faireacháin agus meastóireachta a fhorbairt ar leibhéal áitiúil agus maidir le cáilíocht an bhailithe sonraí sna tairbhíthe.

Léiríodh freisin sa tuarascáil, i dtaca le IPA II, go bhfuil comhlántacht mhaith le gníomhaíochtaí ionstraimí eile, go háirithe an Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Chearta an Duine (EIDHR) agus an Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin (IcSP). Ba cheart comhordú a fheabhsú, áfach, le linn na céime pleanála agus an chlársceidealaithe araon.

Chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí an athbhreithnithe mheántearma, ba cheart do IPA III feidhmíocht a chur ag croílár na hionstraime. Trí chlársceidealú níos straitéisí a chur ar bun, táthar ag súil gur fearr a bheifear in ann leithdháilte cistiúcháin a stiúradh ar an iomlán, rud a bheadh ag teacht le gealltanais na dtairbhíthe agus le dul chun cinn i dtreo athchóirithe. Beidh níos mó solúbthachta ann freisin maidir le freagairt do dhúshláin a thagann chun cinn.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara laistigh den chleachtas comhairliúcháin níos leithne a rannchuidigh leis an athbhreithniú meántearma ar gach ionstraim le haghaidh bearta seachtracha. Bhí trí chineál comhairliúcháin ar siúl le páirtithe leasmhara. Reáchtáladh thart ar 1,000 agallamh struchtúrtha nó leathstruchtúrtha i gcomhar le hoifigigh agus ionadaithe de chuid an Aontais Eorpaigh, na mBallstát agus na gcomhpháirtithe. Rinneadh roinnt ceardlann theicniúla chun na dréachtmeastóireachtaí a chur i láthair agus a phlé le rannpháirtithe ó Pharlaimint na hEorpa, ó

ghrúpaí oibre na Comhairle, ó choistí ó na Ballstáit, ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ó údaráis áitiúla. Seoladh comhairliúchán poiblí oscailte go luath in 2017. Bhí sé d'aidhm aige aiseolas a bhailiú ó pháirtithe leasmhara faoi na torthaí a fuarthas as meastóireachtaí ar ionstraimí agus as ionstraimí le haghaidh bearta seachtracha tar éis 2020.

Is iad seo a leanas na príomhtheachtaireachtaí ó na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo.

- **Solúbthacht:** d'aontaigh na páirtithe leasmhara gur cheart na hionstraimí nua maoinithe a bheith níos solúbtha chun freagairt do dhúshláin agus do ghéarchéimeanna nach féidir a thuar. Chuir siad béim, go háirithe, ar an ngá atá le haistriú cistí a éascú ar fud réigiún agus idir nósanna imeachta um chúnamh. Tugadh chun suntais, áfach, nár cheart go ndéanfaí intuarthacht, úinéireacht chomhpháirtíochta nó díriú ar bhaint amach cuspóirí fadtéarmacha forbartha a lagú. Chun solúbthacht agus intuarthacht a chinntiú, bhí freagróirí áirithe i bhfách le go mbeadh cúlchistí leordhóthanacha neamh-leithdháilte ar fáil.
- **Comhleanúnachas:** mheas na páirtithe leasmhara gur ghá a áirithiú go mbeadh comhleanúnachas níos fearr idir beartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais, agus idir na hionstraimí seachtracha féin. Mhol tromlach na bhfreagróirí don Aontas ról ceannasach a ghlacadh maidir le comhlántacht idir geallsealbhoirí a fheabhsú laistigh den Aontas agus lasmuigh de.
- **Simpliú:** fuair an tAontas spreagadh mór chun ailtireacht fhoriomlán na n-ionstraimí a shimpliú a thuilleadh. Ba cheart don Aontas leanúint lena cuid iarrachtaí nósanna imeachta riaracháin agus airgeadais anásta sin a shimpliú.
- **Giaráil:** Thángthas ar chomhaontú i measc páirtithe leasmhara gur féidir ról tábhachtach a bheith ag ionstraimí maoinithe nuálacha i maoiniú poiblí agus príobháideach a ghíaráil le haghaidh chúnamh seachtrach an Aontais.

Freagraíonn an togra seo le haghaidh Rialachán lena mbunaítear IPA III do fhormhór na n-ábhar inní a léirigh na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo.

- Tugtar isteach breis solúbthachta leis gan leithdháiltí comhpháirtíochta a leagan síos ón gcéad lá amach. Ba cheart creat clárúcháin an IPA a bheith bunaithe ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn agus ba cheart cothromaíocht a áirithiú idir an intuarthacht agus an cistiú bunaithe ar fheidhmíocht.
- Éascóidh ailtireacht nua na n-ionstraimí le haghaidh bearta seachtracha comhchuibheas agus sineirgíocht idir IPA III agus an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta a éascú. Is amhlaidh atá, go háirithe i gcás na gcomhpháirteanna téamacha agus mearfheagartha, comhpháirteanna ar cheart a úsáid le haghaidh tionscnamh nach féidir a gcuspoirí a bhaint amach go héifeachtach trí bhíthin na gclár geografach.
- Ba cheart do IPA III leas a bhaint freisin as acmhainn giarála institiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus comhpháirtithe eile, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach. Déanfar a chreat feidhmíochta foriomlán a neartú agus a shimpliú.

#### • **Saineolas seachtrach**

Bhí an tuarascáil mheántéarmach maidir le hathbhreithniú (a foilsíodh i Nollaig 2017) agus na doiciméid foirne<sup>7</sup> a bhaineann leis ina gcuimsítear na hionstraimí le haghaidh bearta seachtracha bunaithe den chuid is mó ar shraith tuarascálacha neamhspleácha meastóireachta a rinneadh in 2016-

<sup>7</sup> Tá an Tuarascáil Athbhreithniú Meántearma agus Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis ar fáil ag: [https://ec.europa.eu/europeaid/mid-term-review-report-external-financing-instruments\\_en](https://ec.europa.eu/europeaid/mid-term-review-report-external-financing-instruments_en)

2017 (rinneadh meastóireacht ar gach ionstraim, lena n-áirítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais).

San am céanna, choimisiúnaigh an Coimisiún tuarascáil neamhspleách freisin chun díriú ar an tacar d'ionstraimí le haghaidh bearta seachtracha a chumhdaítear leis an tuarascáil athbhreithniú meántearma agus chun ceachtanna agus teachtaireachtaí rithabhachtacha a tharraingt uathu<sup>8</sup>.

- **Measúnú tionchair**

In 2018 rinne an Coimisiún measúnú tionchair ina ndearnadh anailís ar a ionstraimí le haghaidh bearta seachtracha a d'fhéadfaí a chuíchóiriú in ionstraim leathan amháin.

Rinneadh anailís sa mheasúnú tionchair ar na hiarmhairtí a bhaineann le cuíchóiriú a dhéanamh ar an Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt, Ciste Forbraíochta na hEorpa, an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht, an Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Cearta an Duine, Ionstraim um Shábháilteacht Núicléach agus an Ionstraim um Chomhar agus Comhpháirtíocht. Thángthas ar an gconclúid gur cheart go bhfanadh an Ionstraim um chúnamh réamhaontachais ina hionstraim neamhspleách.

Thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach ar an measúnú tionchair an 27 Aibreán 2018.

Bhain na príomhamhrais leis an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta, agus go háirithe a struchtúr rialachais, an t-údar atá le roinnt ionstraimí a chumasc in aon cheann amháin, na himpleachtaí cistiúcháin agus beartais a bhaineann leis an gCiste Forbraíochta Eorpach a chomhtháthú i mbuiséad an Aontais Eorpaigh, an bhunlíne chistiúcháin, tosaíochtaí a leagan síos agus imfhálú a dhéanamh mar aon leis an gcreat faireacháin agus meastóireachta. Rinneadh an Measúnú Tionchair a mhodhnú dá réir chun dul i ngleic leis na ceisteanna a d'ardaigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála. Ba cheart a thabhairt faoi deara nár bhain aon cheann d'amhrais an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála leis an Rialachán a bhí beartaithe lena mbunaítear IPA III ná a idirghníomhú leis an ionstraim níos leithne.

- **Simpliú**

Ní dhéanann an togra seo ach mionathruithe ar an Rialachán atá ann faoi láthair. Cuireann sé leis an gcuspóir foriomlán maidir le simpliú ar na bealaí seo a leanas.

- Áiritheoidh sé comhleanúnachas leis an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta. (beidh úsáid na gclár téamach comhlántach leis na cláir gheografacha, agus bainfidh sí leas as an Rátháíocht le haghaidh Bearta seachtracha a bunaíodh faoin ionstraim sin).
- Leanfaidh sé de bheith ag cur tacar amháin rialacha i bhfeidhm do na bearta seachtracha trí bhíthin na rialacha airgeadais a leagtar amach san Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta a úsáid (arna gcur isteach roimhe i Rialachán ar leith maidir le comhrialacha cur chun feidhme le haghaidh bearta seachtracha). Beidh sé ag brath ar an Rialachán Airgeadais nuair is féidir.
- Le linn an chur chun feidhme, laghdóidh an t-athrú sa chur chuige i dtaca le clársceidealú líon na gclár comhpháirtíochtaí a ghlacfaidh an Coimisiún. Mar thoradh air sin, beidh simpliú ann

---

<sup>8</sup> Tá an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Comhsheasmhacht ar fáil anseo: [https://ec.europa.eu/europeaid/coherence-report-insights-external-evaluation-external-financing-instruments\\_en](https://ec.europa.eu/europeaid/coherence-report-insights-external-evaluation-external-financing-instruments_en)

do thairbhithhe, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann freagairt do na tosaíochtaí a leagfar síos ina gcuid doiciméd straitéiseacha féin agus go mbeidh úinéireacht níos mó ag na tairbhithhe.

- **Ceartha bunúsacha**

Déanfar tosaíochtaí polaitiúla IPA III a mhúnlú timpeall ar na príomhthosaíochtaí atá leagtha síos sa bheartas ábhartha um méadú agus sna doiciméid straitéise ábhartha, agus go háirithe beidh áird ar leith ar an smachta reachta agus na ceartha bunúsacha a urramú.

#### **4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA**

Ina Theachtaireacht an 2 Bealtaine 2018<sup>9</sup>, bheartaigh an Coimisiún Eorpach EUR 14 500 000 000 (de réir praghsanna reatha) a leithdháileadh le haghaidh an Chláir nua um Chúnamh Réamhaontachais do 2021-2027.

Tá tionchar measta mionsonraithe airgeadais an togra seo á léiriú sa Ráiteas Airgeadais Reachtach atá faoi iamh leis an togra seo.

#### **5. EILIMINTÍ EILE**

- **Pleananna cur chun feidhme agus faireacháin, socruithe meastóireachta agus tuairiscithe**

Beidh gá le dlús a chur le cur chun feidhme, go háirithe sna blianta tosaigh, chun riaráistí struchtúrtha a chosc maidir leis an gconraitheoireacht agus cur chun feidhme, agus chun na moilleanna reatha a iompar de réir a chéile. Tabharfaidh an Coimisiún aird faoi leith ar bhainistíocht indéach le tairbhithhe. Cé go meastar go raibh tionchar dearfach ann ó thaobh an úinéireacht a mhéadú, léiríodh sa mheastóireacht mheántearma go raibh an fheidhmíocht chonraitheoireachta lag agus go raibh moilleanna fada ann ó thaobh cur chun feidhme de, go háirithe sa Tuirc.

Déanfar an faireachán ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa togra. Déanfar na táscairí feidhmíochta ábhartha a shainiú agus a chur san áireamh i gcreat clársceidealaithe an IPA agus ceanglais tuairiscithe chomhréireacha a fhorchur ar fhaighteoirí chistí de chuid an Aontais Eorpaigh. Úsáidfear na tuarascálacha bliantúla um méadú mar phointe tagartha agus measúnú á dhéanamh ar na torthaí ar chúnamh IPA III. Ba cheart go n-áiríteofaí leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus go mbaileofar torthaí ar dhóigh atá éifeachtúil éifeachtach agus in am.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán go tráthrialta ar a gcuid gníomhaíochtaí agus déanfaidh sé athbhreithniú ar an dul chun cinn a dhéanfar i dtreo torthaí a bhaint amach. I gcomhréir le mír 22 agus le mír 23 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016<sup>10</sup>, i gcás inar dheimhnigh na trí institiúid gur cheart go dtabharfaí meastóireachtaí ar reachtaíocht agus beartais atá ann cheana an bunús le haghaidh measúnuithe tionchair ar roghanna maidir le tuilleadh gníomhaíochta, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht idirthréimhseach agus meastóireacht dheiridh. Sna meastóireachtaí sin measfar éifeachtaí na hIonstraime ar an talamh ar bhonn tháscairí agus spriocanna ábhartha agus anailís mhionsonraithe ar a mhéid is féidir a mheas go bhfuil an ionstraim ábhartha éifeachtach éifeachtúil, ar an gceist an leor an breisluach Eorpach a chuireann sé ar fáil agus ar an gceist an bhfuil sé comhleánach le beartais eile de chuid Aontais Eorpaigh. Áireofar ar na meastóireachtaí ceachtanna a foghlaimíodh iontu chun aon laigí/fadhbanna atá ann a shainaithint nó aon phoitéinseal

<sup>9</sup> COIM(2018) 321 críochnaitheach, 2.5.2018

<sup>10</sup> An Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr; IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1-14.

atá ann breis feabhais a chur ar na bearta nó ar a dtorthaí agus chun cuidiú lena n-úsáid/tionchar a uasmhéadú.

Cuirfear conclúidí na meastóireachtaí a bhfuil barúlacha ag gabháil leo in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

A mhéid is féidir, leanann an togra seo struchtúr atá cosúil le cláir eile de chuid an Aontais. Tugann sé tosaíocht freisin do thacar aonair rialacha le haghaidh bearta seachtracha. Déantar é sin a bhaint amach faoi láthair trí na comhrialacha cur chun feidhme do bhearta seachtracha arna gcomhtháthú san Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta. Chun na gnóthachain a bhaineann leis an simpliú a choimeád ar bun, tugann an togra isteach crostagairtí don Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta a mhéid is féidir sin.

I gCaibidil I, sainmhínítear raon feidhme na hionstraime agus leagtar amach sainmhínithe, cuspóirí, an buiséad agus tacar d'fhorálacha traschláir. Déantar na sainmhínithe a ailíniú leis an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta, agus aird chuí á tabhairt, sa chaoi nach ndéanfar dúbláil ar an Rialachán Airgeadais. Tá na cuspóirí fós mórán mar a gcéanna leis na cuspóirí arna saothrú ag IPA II roimhe seo, ach amháin go ndearnadh iad a struchtúrthú ar bhealach níos comhleanúnaí chun a léiriú go bhfuiltear ag teacht leis an aidhm fhoriomlán, is é sin buiséadú bunaithe ar fheidhmíocht, ina ndéantar cuspóirí sonracha a chur i gcomhréir leis na leithdháiltí buiséadacha (Teidil). Léirítear an buiséad mar mhéid foriomlán, agus é mar aidhm leis fanacht chomh solúbtha agus is féidir. Eisceacht ar an riail sin is ea an t-uasmhéid caiteachais atá beartaithe a chur in iúl i gcláir trasteorann chun an méid caiteachais atá ann faoi láthair a choinneáil. Rannchuidíonn na forálacha maidir leis an gclár trasteorann leis an gcuspóir foriomlán a bhaineann le simpliú trína chur in iúl go soiléir cén tacar rialach aonair a chuirtear i bhfeidhm nuair a rannchuidíonn IPA III le cláir eile.

Déantar comhsheasmhacht leis an gcreat foriomlán beartais a áirithiú i gCaibidil II. Leagann sé amach freisin an gealltanas chun a bheith ag obair go dlúth leis na Ballstáit chun comhleanúnachas agus comhordú foriomlán deontóirí a áirithiú.

I gCaibidil III déantar na céimeanna éagsúla a bhaineann le cur chun feidhme a mhionsonrú, idir creat clársceidealaithe IPA III a leagan amach agus pleananna gníomhaíochta agus bearta bliantúla agus ilbhliantúla a ghlacadh. Leis an gcreat clársceidealaithe IPA aithraítear béim na leithdháiltí ó leithdháiltí comhpháirtiithe go dtí béim ar fheidhmíocht ó thaobh cuspóirí a bhaint amach. Leanfar de bheith ag spriocdhíriú agus ag coigeartú cúnaimh i gcomhréir le cas sonrach na dtairbhíthe. Mar sin féin, ba cheart rochtain ar chistí a bheith bunaithe, sa bhreis ar an bprionsabal 'cion cothrom', ar chritéir amhail aibíocht an tionscadail/an chláir, tionchar a bhfuiltear ag dréim leis agus dul chun cinn maidir le riail an dlí, cearta bunúsacha agus rialachas. Ar an ábhar sin, an sásra um luaíocht feidhmíochta, tá sé leabaithe sna leithdháiltí foriomlána

Coinníonn an togra tacar aonair rialacha le haghaidh pleananna bliantúla agus ilbhliantúla a ghlacadh, mar a sainmhínítear san Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta. Níl aon mhórathruithe ar na rialacha sin a bhí ina gcuid de na comhrialacha cur chun feidhme a bhí ann roimhe le haghaidh bearta seachtracha.

I gCaibidil IV tugtar rialacha incháilitheachta isteach sa togra, rialacha a leagadh amach roimhe seo sna comhrialacha cur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha.

Leagtar amach i gCaibidil V maidir leis an ráthaíocht bhuiséadach dá bhforáiltear faoin Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta, go gcumhdaítear tairbhíthe

IPA III freisin. An rialachas arna bhunú le haghaidh ionstraimí airgeadais faoi IPA III, go háirithe an Creat Infheistíochta sna Balcáin Thiar, leanfaidh sé de bheith freagrach as na hoibríochtaí a chumhdaítear leis an ráthaíocht.

Leagtar amach i gCaibidil VI socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe ar cheart a bheith cumhdaithe faoi thacar comhrialacha arna leagan síos san [Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta].

Leagtar amach na forálacha críochnaitheacha agus idirthréimhseacha freisin i gCaibidil VII. Go háirithe, ionas nach gcuirfear isteach ar an Rialachán sin, beidh feidhm ag IPA II fós maidir leis na hoibríochtaí arna maoiniú ag an Rialachán sin.

Togra le haghaidh

## **RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

### **lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<sup>11</sup>,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún<sup>12</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Rachaidh Rialachán (AE) Uimh. 231/2014<sup>13</sup> in éag an 31 Nollaig 2020. Chun éifeachtacht an Aontais a chothabháil i ngníomhaíochtaí seachtracha, ba cheart creat um pleanáil agus um sholáthar cúnaimh sheachtraigh a chothabháil.
- (2) Is mór idir cuspóirí ionstraime um réamhaontachais agus cuspóirí ginearálta ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar gurb é is aidhm leis an ionstraim na tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I le haghaidh bhallraíocht an Aontais amach anseo a ullmhú agus tacú lena bpróiseas aontachais. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach ionstraim shaincheaptha a bheith ann a thacaíonn leis an méadú, agus san am céanna ionstraim a dhéanann a chomhlántacht le cuspóirí ginearálta ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus leis an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta (NDICI).
- (3) Déantar foráil in Airteagal 49 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) go bhféadfaidh aon stát Eorpach a urramaíonn luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de mhionlaigh iad, agus a thugann gealltanas na luachanna sin a chur chun cinn, iarratas a dhéanamh ar bheith ina chomhalta den Aontas. Ní fhéadfaidh Stát Eorpach a chuir iarratas isteach ar dhul isteach san Aontas a bheith ina chomhalta go dtí go mbeidh sé deimhnithe go gcomhlíonann sé na critéir bhallraíochta a bhunaigh an Chomhairle Eorpach i gCóbanhávan i Meitheamh 1993 ('critéir Chóbanhávan') agus ar choinníoll go mbeidh ar chumas an Aontais an comhalta nua a lánpháirtiú. Baineann critéir Chóbanhávan le cobhsaíocht na n-institiúidí ina ráthaítear an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus meas ar na mionlaigh agus cosaint na mionlach, agus geilleagar margaidh atá feidhmiúil, chomh maith leis an acmhainn chun déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí margaidh laistigh den Aontas, agus

<sup>11</sup> IO C [...], [...], lch. [...].

<sup>12</sup> IO C [...], [...], lch. [...].

<sup>13</sup> Rialachán (AE) Uimh. 231/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (ICR II) (IO L77, 15.3.2014, lch.11).

an acmhainn na cearta agus na hoibleagáidí faoi na Conarthaí a ghlacadh, lena n-áirítear cloí le haidhmeanna an aontais pholaitiúil, eacnamaíoch agus airgeadaíochta.

- (4) Tá an próiseas um méadú bunaithe ar chritéir sheanbhunaithe agus ar choinníollacht dhian. Déantar gach tairbhí a mheasúnú ar bhonn a fhiúntas féin. Is é is aidhm leis an measúnú ar an dul chun cinn atá bainte amach, agus aon easnamh a shainaithint, dreasachtaí agus treo a chur ar fáil do thairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I chun tabhairt faoi na hathchóirithe forleithne. Le gur féidir leis an gcuspóir um méadú teacht in inmhe, tá sé ríthábhachtach cloí go docht leis an ngealltanais maidir le ‘bunphrionsabail i dtosach’<sup>14</sup>. Tá an ghluaiseacht i dtreo an aontachais ag brath ar a mhéid a urramaíonn gach iarrthóir luachanna an Aontais agus a mhéid is féidir leo na hathchóirithe riachtanacha a ghabháil ar láimh d’fhonn a chórais pholaitiúla, institiúideacha, dlí, riaracháin agus eacnamaíocha a chur ar chomhréim le rialacha, caighdeáin, beartaí agus cleachtais an Aontais.
- (5) Infheistíocht sa tsíochán, i slándáil agus sa chobhsaíocht san Eoraip is ea beartas an Aontais um méadú. Cuireann sé deiseanna breise eacnamaíocha agus trádála ar fáil a rachaidh chun sochair fhrithpháirteach don Aontas agus do na stáit ar mian leo teacht isteach san Aontas. Tá tionchar cumhachtach claochlaitheach ar stát nuair a thuigtear dó go mbainfear ballraíocht den Aontas amach, rud a chuireann athruithe dearfacha daonlathacha, polaitiúla, eacnamaíocha agus sochaíocha i bhfeidhm.
- (6) D’athdheimhnigh an Coimisiún Eorpach an t-ionchas daingean do bhallraíocht den Aontas Eorpach do na Balcáin Thiar bunaithe ar fhiúntais an ionchais sin, ina Theachtaireacht uaidh, *‘Peirspictíocht inchreidte faoi mhéadú le haghaidh na mBalcáin Thiar agus rannpháirtíocht fheabhsaithe AE leis na Balcáin Thiar’*<sup>15</sup>. Teachtaireacht láidir spreagúil do na Balcáin Thiar ar fad is ea é agus is léiriú é ar ghealltanais an Aontais Eorpaigh don todhchaí Eorpach seo acu.
- (7) Ba cheart cúnamh a sholáthar freisin i gcomhlíonadh na gcomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas leis na tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I. Ba cheart an cúnamh sin a dhírú go príomha ar chúnamh a thabhairt do na ‘tairbhíthe’ a liostaítear in Iarscríbhinn I chun institiúidí daonlathacha agus an smacht reachta a neartú, an bhreithiúnacht agus an riarachán poiblí a athchóiriú, cearta bunúsacha agus comhionannas inscne a urramú, caoinfhulaingt, cuimsiú sóisialta agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn. Ba cheart go dtabharfadh an cúnamh tacaíocht do na prionsabail agus do na cearta ríthábhachtacha arna sainiú i gColún Eorpach na gCearta Sóisialta<sup>16</sup>. Maidir leis an gcúnamh, ba cheart leanúint de na hiarrachtaí chun an comhar réigiúnach, macraireigiúnach agus trasteorann agus an fhorbairt chríochach a chur chun cinn leis, lena n-áirítear trí straitéisí macraireigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme. Ba cheart dó freisin a bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus rialachas eacnamaíoch a fheabhsú, rud a thabharfaidh buntaca do chlár oibre maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach trí fhorbairt réigiúnach, talmhaíocht agus forbairt tuaithe, beartaí shóisialta agus fostaíochta agus forbairt an gheilleagair dhigitigh agus na sochaí digití a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an dtionscnamh suaithianta an Clár Oibre Digiteach do na Balcáin Thiar freisin.

<sup>14</sup> Cruthaítear nasc leis an gcur chuige maidir le ‘bunphrionsabail i dtosach’ idir an smacht reachta agus cearta bunúsacha agus an dá réimse ríthábhachtacha eile lena gcumhdaítear an próiseas um méadú: Rialachas eacnamaíoch – fócas neartaithe ar fhorbairt eacnamaíoch agus ar iomaíochas feabhsaithe – agus institiúidí daonlathacha a neartú agus athchóiriú ar an riarachán poiblí. Tá gach ceann de na tríú bhunphrionsabail ríthábhachtach don phróiseas athchóirithe sna tíortha is iarrthóirí agus sna tíortha a d’fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí agus aghaidh a thabhairt ar innithe ríthábhachtacha na saoránach.

<sup>15</sup> COIM(2018) 65 final ar fáil ag [https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/communication-credible-enlargement-perspective-western-balkans\\_en.pdf](https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/communication-credible-enlargement-perspective-western-balkans_en.pdf)

<sup>16</sup> Colún Eorpach na gCearta Sóisialta arna fhógairt go solúnta ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún ag an gCruinniú Mullaigh speisialta Sóisialta Göteborg do phoist chóra agus d’fhás an 17 Samhain 2017.

- (8) Ba cheart don Aontas tacú leis an trasdul i dtreo an aontachais ar mhaithe le leas na dtairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I, bunaithe ar an taithí atá ag na Ballstáit. Ba cheart don chomhar seo díriú go háirithe ar an taithí atá faighte ag na Ballstáit sa phróiseas athchóirithe a roinnt.
- (9) Is ríthábhachtach go mbeidh comhar straitéiseach agus oibríochtúil ann idir an tAontas agus na tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I maidir le slándáil chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí slándála agus sceimhlitheoireachta go héifeachtach agus go héifeachtúil.
- (10) Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le comhar maidir le himirce lena n-áirítear bainistiú teorann, lena n-áirítear rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, faisnéis ábhartha a roinnt, na buntáistí a bhaineann le himirce a neartú, imirce dhleathach agus saothair a éascú, rialú teorann a fheabhsú agus ár n-iarrachtaí sa troid in aghaidh imirce mhídhleathach, gáinneáil ar neacha daonna agus smugláil imirceoirí.
- (11) Na príomhdhúshláin atá ann don chuid is mó de na tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I an smacht reachta, lena n-áirítear an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, a neartú agus an dea-rialachas a neartú, lena n-áirítear an riarachán poiblí a athchóiriú, agus tá sin bunriachtanach chun go ndruidfeadh tairbhíthe i dtreo an Aontais agus chun na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht an Aontais a ghlacadh chucu féin ina n-iomláine dá éis sin. I bhfianaise go mbeidh na hathchóirithe atá le baint amach sna réimsí sin níos fadtéarmaí agus i bhfianaise an ghá atá le cuntais teiste a fhorbairt, ba cheart don chúnamh airgeadais faoin Rialachán seo aghaidh a thabhairt ar na ceanglais a chuirtear ar na tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I sa réimse sin a luaithis is féidir.
- (12) I gcomhréir le prionsabal an daonlathais rannpháirtigh, ba cheart don Choimisiún formhaoirsiú parlaiminteach a spreagadh i ngach tairbhí a liostaítear in Iarscríbhinn I.
- (13) Is gá do na tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I a bheith ullmhaithe níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhomhanda, amhail an fhorbairt inbhuanaithe agus an t-athrú aeráide, agus iad féin a ailíniú le hiarrachtaí an Aontais chun tabhairt faoi na saincheistanna sin. Tá tábhacht ag baint le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir leis na gealltanais atá tugtha ag an Aontas Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun feidhme, agus léiriú air sin is ea é gur cheart go rannchuideodh an Clár seo chun na gníomhaíochtaí a dhéantar ar son na haeráide a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus le baint amach na sprice arb é atá ann 25 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Le gníomhaíochtaí faoin gClár seo, meastar go gcaithfear 16 % d'imchlúdach airgeadais foriomlán an Chláir ar chuspóirí aeráide. Sainaitheofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn ullmhú agus cur chun feidhme an Rialacháin seo agus ba cheart go mbeadh an rannchuidiú foriomlán ón rialachán seo mar chuid de na meastóireachtaí agus na próisis athbhreithnithe ábhartha.
- (14) Aon ghníomhaíocht faoin Ionstraim seo, ba cheart di tacú le cur chun feidhme Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, mar chláir oibre uilíoch, a bhfuil gealltanas daingean tugtha ag an Aontas Eorpach agus ag chuid Ballstát ina leith agus a ndearna na tairbhíthe ar fad a liostaítear in Iarscríbhinn I a fhormhuiniú.
- (15) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais don tréimhse ina gcuirtear i bhfeidhm é arb éard a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí [tagairt le tabhairt cothrom le dáta de réir mar is iomchuí de réir an chomhaontaithe idirinstitiúide nua: pointe 17 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le

bainistíocht fhóna airgeadais<sup>17</sup>], do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

- (16) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhlíonadh, comhchuibheas, agus comhlántacht a gcúnamh a áirithiú, go háirithe trí chomhairliúcháin rialta agus trí mhalartuithe minice faisnéise le linn chéimeanna éagsúla an timthrialla cúnamh. Ba cheart na bearta is gá a dhéanamh chun comhordú agus comhlántacht níos fearr a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhairliúcháin rialta, le deontóirí eile. Ba cheart an ról atá ag an tsochaí shibhialta a fheabhsú sna cláir a chuirfear chun feidhme trí chomhlachtaí rialtais agus mar thairbhí díreach den chúnamh ón Aontas.
- (17) Na tosaíochtaí le haghaidh gníomhaíochta chun cuspóirí sna réimsí ábhartha beartais a bhaint amach, a dtacófar leo faoin Rialachán seo, ba cheart iad a shainiú i gcreat clársceideálaithe a bhunóidh an Coimisiún do ré Chreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais don tréimhse ó 2021 go 2027, i gcomhpháirt leis na tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I, bunaithe ar an gclár oibre um méadú agus ar a riachtanais shonracha, i gcomhréir leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a shainítear sa Rialachán seo, agus aird chuí á tabhairt ar na straitéisí ábhartha náisiúnta. Ba cheart don chreat clársceideálaithe na réimsí a dtabharfar tacaíocht dóibh a shainaithint trí leithdháileadh tascach a thabhairt mar chúnamh in aghaidh na réimse tacaíochta, lena n-áirítear meastúchán maidir leis na speansais a bhaineann leis an aeráid.
- (18) Is é leas an Aontais é cuidiú leis na tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I ina n-iarrachtaí maidir le hathchóiriú chun ballraíocht Aontais a bhaint amach. Ba cheart cúnamh a bhainistiú le fócas láidir ar thorthaí agus le dreasachtaí dóibh siúd a léiríonn a dtiomantas don athchóiriú tríd an gcúnamh réamhaontachais a chur chun feidhme go héifeachtúil agus trí dhul chun cinn a dhéanamh chun na critéir bhallraíochta a chomhlíonadh.
- (19) Ba cheart don trasdul ó bhainistiú díreach na gcistí réamhaontachais ag an gCoimisiún go bainistiú indíreach ag na tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I a bheith forásach agus i gcomhréir le cumas na dtairbhíthe sin faoi seach. Ba cheart go leanfadh an cúnamh d'úsáid a bhaint as na struchtúir agus as na hionstraimí a chruthaigh go raibh fiúntas leo sa phróiseas réamhaontachais.
- (20) Ba cheart go bhféachfadh an tAontas leis an úsáid is éifeachtaí a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil chun an tionchar is fearr is féidir a bheith ar a ghníomhaíocht sheachtrach. Ba cheart é sin a bhaint amach trí chomhtháthú agus trí chomhlántacht idir ionstraimí maoinithe seachtracha an Aontais, chomh maith le sineirgíochtaí chruthú idir beartais agus cláir eile de chuid an Aontais. Áirítear ar an méid sin, i gcás inarb iomchuí, comhtháthú agus comhlántacht maidir le chúnamh macra-airgeadais.
- (21) Chun an leas is mó is féidir a bhaint as an tionchar a bheidh ag na hidirghabhálacha le chéile chun cuspóir comhchoiteann a ghnóthú, ba cheart go mbeadh an Rialachán seo in ann rannchuidiú le gníomhaíochtaí faoi chlár eile de chuid an Aontais, a fhad agus nach gcumhdóidh na ranníocaíochtaí na costais chéanna.
- (22) Ba cheart cistiúchán ón Rialachán seo a úsáid chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú faoi ghnéithe idirnáisiúnta Erasmus, ar i gcomhréir le Rialachán Erasmus ba cheart a gcur chun feidhme a chur i gcrích<sup>18</sup>.
- (23) Ba cheart feidhm maidir leis an Rialachán seo a bheith ag rialacha airgeadais cothrománacha a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar

<sup>17</sup> Tagairt le nuashonrú: IO L 373, 20.12.2013, lch. 1. Is féidir teacht ar an gcomhaontú ag [http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.C\\_.2013.373.01.0001.01.ENG&toc=OJ.C:2013:373:TOC](http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.C_.2013.373.01.0001.01.ENG&toc=OJ.C:2013:373:TOC)

<sup>18</sup> Rialachán Nua Erasmus

Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Leagtar síos na rialacha sin leis an Rialachán Airgeadais agus cinntear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, trí sholáthar, trí dhuaiseanna, trí chur chun feidhme indíreach, trí chúnamh airgeadais, trí thacaíocht buiséid, trí chistí iontaobhais, trí ionstraimí airgeadais agus trí ráthaíochtaí buiséid agus déantar foráil iontu maidir le seiceálacha ar fhreagracht gníomhaithe airgeadais. Baineann na rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE freisin le cosaint buiséad an Aontais i gcás easnamh ginearálaithe maidir leis an smacht reachta sna Ballstáit agus i dtríú tíortha, toisc go bhfuil an urraim don smacht reachta ríthábhachtach maidir le bainistíocht fhónta airgeadais agus cistiú éifeachtach an Aontais Eorpaigh.

- (24) Na cineálacha maoinithe agus na modhanna cur chun feidhme a úsáidfear faoin Rialachán seo, is ar bhonn a fhónta atá siad ó thaobh cuspóirí sainiúla na ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus torthaí a bhaint amach ba cheart iad a roghnú, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar chostais rialuithe, ar an ualach riaracháin, agus ar an riosca neamh-chomhlíontachta a mheastar a bheith ann. Ba cheart cuimhneamh ar úsáid a bhaint as cnapshuimeanna, as rátaí comhréidhe agus as costais aonaid, agus as maoiniú nach mbaineann le costais dá dtagraítear in Airteagal 125(1) den Rialachán Airgeadais.
- (25) Ba cheart don Aontas leanúint de ag cur rialacha coiteanna i bhfeidhm maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí seachtracha. Leagfar síos rialacha agus nósanna imeachta coiteanna maidir le cur chun feidhme ionstraimí an Aontais maidir le gníomhaíocht sheachtrach a mhaoiniú i Rialachán (AE) Uimh. [NDICI] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ba cheart forálacha mionsonraithe breise a leagan síos chun tabhairt faoi na cásanna sonracha go háirithe le haghaidh comhar trasteorann, talmhaíocht agus an réimse beartais a bhaineann le forbairt tuaithe.
- (26) Is minic a chuirtear gníomhaíochtaí seachtracha chun feidhme i dtimpeallacht an-ghuagach lenar gá oiriúnú leanúnach tapa do riachtanais chomhpháirtithe an Aontais atá ag teacht chun cinn agus do dhúshláin dhomhanda amhail cearta daonna, an daonlathas agus an dea-rialachas, an tslándáil agus an chobhsaíocht, athrú aeráide agus an comhshaol, agus imirce mhídhleathach agus na bunchúiseanna léi. Chun prionsabal na hintuarthachta agus an gá atá le freagairt go mear do riachtanais nua a thabhairt le chéile, ní mór cur chun feidhme airgeadais na gclár a oiriúnú dá bharr sin. Chun cur le cumas an Aontais freagairt do riachtanais neamhthuartha, agus urraim á tabhairt don phrionsabal go leagtar amach buiséad an Aontais gach bliain, ba cheart an deis a fhorchoimeád sa Rialachán seo chun an tsolúbthacht a chur i bhfeidhm, lenar féidir leis an Rialachán Airgeadais a chur i bhfeidhm maidir le beartais eile cheana féin, mar atá cistí a thabhairt anonn agus a athghealladh cistí a gealladh roimhe, chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as cistí an Aontais le haghaidh shaoránaigh an Aontais agus na dtairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I araon, agus chun an leas is mó is féidir a bhaint as cistí an Aontais Eorpaigh, dá réir sin, le haghaidh idirghabhálacha ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais Eorpaigh.
- (27) Leis an gCiste Eorpach nua um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI+), ag cur leis an gciste a tháinig roimhe, ba cheart go gcuimseofaí ann pacáiste airgeadais comhtháthaithe, lena dtabharfar acmhainneacht mhaoiniúcháin i bhfoirm deontas, ráthaíochtaí buiséadacha agus ionstraimí airgeadais eile ar fud an domhain, lena n-áirítear do na tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I. An rialachas le haghaidh na n-oibríochtaí a dhéantar faoin Rialachán seo, ba cheart do Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar leanúint dá n-áirithiú.
- (28) Ba cheart don Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha tacú le hoibríochtaí CEFI+ agus ba cheart do IPA III rannchuidiú le soláthar do riachtanais i ndáil le hoibríochtaí a rachaidh chun

sochair do thairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, lena n-áirítear an soláthar agus na dliteanais a eascraíonn as iasachtaí cúnaimh mhacra-airgeadais.

- (29) Is tábhachtach a áirithiú go ndéantar cláir comhair trasteorann a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gcreat arna bhunú sna cláir gníomhaíochtaí seachtracha agus sa rialachán maidir le comhar críochach. Ba cheart forálacha comhfhaoinithe sonracha a leagan síos sa Rialachán seo.
- (30) Is ionann cláir oibre faoin Rialachán Airgeadais agus pleananna gníomhaíochta bliantúla agus ilbhliantúla agus bearta dá dtagraítear in Airteagal 8. Is é atá i gceist le pleananna gníomhaíochta bliantúla agus ilbhliantúla sraith de bhearta a chuirtear le chéile in aon doiciméad.
- (31) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 833/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>19</sup>, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95<sup>20</sup> ón gComhairle, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96<sup>21</sup> ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2017/1939<sup>22</sup> ón gComhairle, déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta éifeachtacha agus comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí agus an chalaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus ciontaí coiriúla eile a fhiosrú a mbíonn éifeacht acu ar leas airgeadais an Aontais mar a fhoráiltear dó i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>23</sup>. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, agus i gcás inarb iomchuí do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha. Na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, ba cheart dóibh na mírialtachtaí a thuairisciú gan mhoill don Choimisiún, lena n-áirítear calaois arb iad ab ábhar do thorthaí príomha riaracháin nó torthaí breithiúnacha, agus an Coimisiún a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn nós imeachta riaracháin nó dlí. Ba cheart an tuairisciú sin a dhéanamh go leictreonach, agus é mar chuspóir an tuairisiciú a chur i gcomhréir le dea-chleachtais sna Ballstáit, tríd an gCóras Bainistíochta Mírialtachtaí a úsáid arna bhunú ag an gCoimisiún.

<sup>19</sup> Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

<sup>20</sup> Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 an 18 Nollaig 1995 ón gComhairle maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1).

<sup>21</sup> Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

<sup>22</sup> Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

<sup>23</sup> Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

- (32) Chun athruithe sa chreat beartais um méadú nó forbairtí móra maidir leis na tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir leis na tosaíochtaí téamacha le haghaidh cúnamh a choigeartú agus a thabhairt cothrom le dáta a liostaítear in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn III. Tá sé tábhachtach, go háirithe, don Choimisiún dul i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus na comhairliúcháin sin a dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (33) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo go háirithe maidir le coinníollacha sonracha agus struchtúir shonracha le haghaidh bainistíocht indíreach leis na tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus maidir le cur chun feidhme cúnamh forbartha tuaithe, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011<sup>24</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Agus na coinníollacha aonfhoirmeacha á mbunú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart na ceachtanna a foghlaimíodh ó bhainistiú agus ó chur chun feidhme an chúnamh réamhaontachais roimhe sin a chur san áireamh. Ba cheart na coinníollacha aonfhoirmeacha sin a leasú más gá.
- (34) Ba cheart don choiste a bhunófar faoin Rialachán seo a bheith inniúil freisin i leith gníomhartha dlí agus ghealltanais faoi Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006<sup>25</sup>, faoi Rialachán (AE) Uimh. 231/2014 agus i leith chur chun feidhme Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 389/2006<sup>26</sup> ón gComhairle.
- (35) Chun gur féidir na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go prapúil, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>24</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

<sup>25</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 ón gComhairle an 17 Iúil 2006 lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (ICR), (IO L 210, 31.7.2006, lch. 82).

<sup>26</sup> Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch chomhphobal na gCipireach Turcach a spreagadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2667/2000 ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Athchóiriú (IO L 65, 7.3.2006, lch. 5).

## TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### *CAIBIDIL I*

#### *FORÁLACHA GINEARÁLTA*

##### *Airteagal 1*

##### *Ábhar*

Bunaítear leis an Rialachán seo an Clár ‘Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais’ (‘IPA III’).

Leagtar síos leis a chuspóirí, an buiséad don tréimhse 2021-2027, na foirmeacha cúnaimh ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcúnamh sin a sholáthar.

##### *Airteagal 2*

##### *Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag an sainmhíniú seo a leanas:

Ciallaíonn ‘comhar trasteorann’ comhar idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh a liostaítear in Iarscríbhinn I, idir dhá thairbhí nó níos mó a liostaítear in Iarscríbhinn I nó idir tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus tíortha agus críocha a liostaítear in Iarscríbhinn I de [Rialachán ICFCI] dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 3 (1) de [Rialachán ETC]<sup>27</sup>.

##### *Airteagal 3*

##### *Cuspóirí IPA III*

1. Is é an aidhm a bheidh leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (‘IPA III’) tacú leis na tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I i nglacadh agus i gcur chun feidhme na n-athchóirithe polaitiúla, institiúideacha, dlí, riaracháin, sóisialta agus eacnamaíocha a theastaíonn ó na tairbhíthe sin, cloí le luachanna an Aontais agus chun iad féin a chur i gcomhréir de réir a chéile le rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais d’fhonn ballraíocht a ghlacadh san Aontas, agus trína bhíthin sin cur lena gcobhsaíocht, lena slándáil agus lena rathúnas.
2. Beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag IPA III:
  - (a) An smacht reachta, daonlathas, urraim do chearta an duine, cearta bunúsacha agus an dlí idirnáisiúnta, an tsochaí shibhialta agus an tslándáil a neartú chomh maith le bainistiú imirce a fheabhsú lena n-áirítear bainistiú teorann;
  - (b) Éifeachtacht an riaracháin phoiblí a threisiú agus tacú le hathchóirithe struchtúracha agus le dea-rialachas ar gach leibhéal;
  - (c) Na rialacha, na caighdeáin, na beartais agus cleachtais na dtairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I a mhúnlú i gcomhréir leo siúd de chuid an Choimisiúin agus athmhuintearas agus dea-chaidrimh a threisiú idir comharsanaigh, chomh maith le teagmhálacha agus cumarsáid idir daoine;

<sup>27</sup> COM(2018) 374 final Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forálacha sonracha maidir le sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) lena dtacaíonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoiniúcháin sheachtraigh

(d) Forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a neartú lena n-áirítear trí idirnasacht mhéadaithe agus forbairt réigiúnach, forbairt talmhaíochta agus tuaithe agus beartais shóisialta agus fostaíochta, chun cosaint comhshaoil a threisiú, buanseasmhacht a mhéadú in aghaidh an athraithe aeráide, dlús a chur leis an athrú i dtreo geilleagar ísealcharbóin agus an geilleagar digiteach agus an tsochaí dhigiteach a fhorbairt.

(e) Tacú le comhar críochach agus trasteorann.

3. I gcomhréir leis na cuspóirí sonracha, leagtar amach in Iarscríbhinn II tosaíochtaí téamacha le haghaidh cúnamh a thabhairt de réir riachtanas agus cumais na dtairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I. Leagtar amach in Iarscríbhinn III tosaíochtaí téamacha le haghaidh comhar trasteorann idir tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I. Féadfaidh gach ceann de na tosaíochtaí sin rannchuidiú le níos mó ná cuspóir sonracha amháin a bhaint amach.

#### *Airteagal 4*

##### *An buiséad*

1. Is é EUR 14 500 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme IPA III don tréimhse 2021 – 2027.
2. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin do chur chun feidhme an Chláir, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta lena n-áirítear córais chorparáideacha na teicneolaíochta faisnéise agus aon gníomhaíochtaí a bhaineann le hullmhú an chláir a thiocfaidh i gcomharba air le haghaidh cúnamh réamhaontachais, i gcomhréir le hAirteagal 20 de [Rialachán ICFCI].

#### *Airteagal 5*

##### *Forálacha traschláir*

1. Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, áiríteofar go mbeidh comhleanúnachas, sineirgíochtaí agus comhlántachtaí ann ó thaobh réimsí eile gníomhaíochta de chuid an Aontais de agus ó thaobh beartais agus clár ábhartha eile de chuid an Aontais de agus go mbeidh comhsheasmhacht beartas ann ó thaobh forbartha de.
2. Beidh feidhm ag [Rialachán ICFCI] maidir le gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin Rialachán seo i gcás ina dtagraítear dó sa Rialachán seo.
3. Rannchuideoidh IPA III le gníomhaíochtaí arna mbunú faoi Rialachán [(Erasmus<sup>28</sup>]. Beidh feidhm ag [Rialachán (AE) Erasmus] maidir le húsáid na gcistí sin. Chuige sin, cuirfear rannchuidiú IPA III san áireamh sa doiciméad clársceideálaithe táscach aonair da dtagraítear i mír 7 d'Airteagal 11 de [Rialachán ICFCI] agus arna ghlacadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna leagan síos sa Rialachán sin.
4. Féadfar cúnamh faoi IPA III a thabhairt do na cineálacha gníomhaíochta dá bhforáiltear faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus faoin gCiste Comhtháthaithe<sup>29</sup>, faoi Chiste Sóisialta na hEorpa +<sup>30</sup> agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe<sup>31</sup>.

<sup>28</sup> COIM (2018) 367 final Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear 'Erasmus': clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013

<sup>29</sup> COIM(2018) 372 final Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe.

5. Tabharfaidh [CFRE]<sup>32</sup> ranníocaíocht do chláir nó do bhearta a bhunófar faoin Rialachán seo le haghaidh comhair thrasteorann idir na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus na Ballstáit. Glacfaidh an Coimisiún na cláir agus na bearta sin i gcomhréir le hAirteagal 16. Cinnfear méid na ranníocaíochta ó IPA-CBC de bhun Airteagal 10(3) de [Rialachán ETC]. Bainisteofar cláir IPA-Comhar Trasteorann i gcomhréir le [Rialachán ETC].
6. Féadfaidh ICR III rannchuidiú le cláir nó bearta maidir le comhar trasnáisiúnta nó idir-réigiúnach a bhunófar agus a chuirfear chun feidhme faoi [Rialachán ETC] agus a nglacfaidh na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I páirt ann.
7. I gcás inarb iomchuí, is féidir cláir eile de chuid an Aontais a úsáid chun cur le gníomhaíochtaí a cuireadh ar bun leis an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 8, ar choinníoll nach gcumhdaíonn na ranníocaíochtaí na costais chéanna. Chomh maith leis sin, is féidir an Rialachán seo a úsáid chun cur le bearta a cuireadh ar bun faoi chláir eile de chuid an Aontais, ar acht nach gcumhdaíonn na ranníocaíochtaí na costais chéanna. Sna cásanna sin, beidh sé leagtha síos sa chlár oibre lena gcuimhdaítear na gníomhaíochtaí sin cén tacar rialacha is infheidhme.
8. I gcúinsí a bhfuil bonn cirt cuí leo agus d'fhonn comhchuibheas agus éifeachtacht mhaoiniú an Aontais a áirithiú nó comhar réigiúnach a chothú, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh ar incháilitheacht na gclár gníomhaíochta agus na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 8(1) a leathnú chuig tíortha, críocha agus réigiúin nach dtagraítear dóibh in Iarscríbhinn I, i gcás ina mbeidh an clár nó an beart a bheidh le cur chun feidhme de chineál domhanda, réigiúnach nó trasteorann.

## *CAIBIDIL II*

### *PLEANÁIL STRAITÉISEACH*

#### *Airteagal 6*

##### *Creat beartais agus prionsabail ghinearálta*

1. An creat beartais um méadú arna sainiú ag an gComhairle Eorpach agus ag an gComhairle, na comhaontuithe lena leagtar síos caidreamh atá ceangailteach de réir dlí leis na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, chomh maith le rún ábhartha ó Pharlaimint na hEorpa, teachtaireachtaí ón gCoimisiún nó Teachtaireachtaí comhpháirteacha ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, siúd uile a bheidh sa chreat beartais foriomlán le haghaidh cur chun feidhme an rialacháin seo.

<sup>30</sup> COIM(2018) 382 final Togra ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa + (ESF+)

<sup>31</sup> An togra COM(2018) 392 final le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha arna dtarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

<sup>32</sup> COIM(2018) 372 final Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe.

Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh comhleanúnachas idir an cúnamh agus an creat beartais um méadú.

2. Leis na cláir agus na gníomhaíochtaí faoin gclár seo, príomhshruthófar an t-athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil agus an chomhionannais inscne agus tabharfar aghaidh ar idirnáisc, i gcás is infheidhme, idir Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe<sup>33</sup>, chun gníomhaíochtaí comhtháite a chur chun cinn lenar féidir comhthairbhí agus ilchuspóirí a chruthú ar bhealach comhleanúnach.
3. Comhoibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit le chéile chun comhsheasmhacht a áirithiú agus féachfaidh siad le dúbailt oibre a sheachaint idir an cúnamh a thugtar faoi IPA III agus cúnamh eile a thugann an tAontas, na Ballstáit agus an Banc Eorpach Infheistíochta, i gcomhréir le prionsabail fadbhunaithe le haghaidh comhar oibríochtúil a neartú i réimse an chúnaimh sheachtraigh, agus le haghaidh beartais agus nósanna imeachta a chomhchuibhiú, go háirithe na [prionsabail idirnáisiúnta maidir le éifeachtúlacht na forbartha<sup>34</sup>. Is éard a bheidh i gceist le comhordú comhairliúcháin rialta agus malartuithe minice faisnéise le linn chéimeanna éagsúla thimthriall an chúnaimh, agus ag cruinnithe atá oscailte do gach duine arb é is aidhm leo an cúnamh a chomhordú, agus beidh na comhairliúcháin sin ina gcéim thábhachtach i bpróisis clársceidealaithe de chuid an Aontais agus na mBallstát.
4. Glacfaidh an Coimisiún na céimeanna is gá, i gcomhar leis na Ballstáit, chun comhordú agus comhlántacht le heagraíochtaí agus le heintitis réigiúnacha a áirithiú, amhail eagraíochtaí idirnáisiúnta agus institiúidí airgeadais, gníomhairí agus deontóirí neamh-Aontais.

### *CAIBIDIL III*

#### *CUR CHUN FEIDHME*

##### *Airteagal 7*

##### *Creat clársceidealaithe IPA*

1. Beidh an cúnamh faoi IPA III bunaithe ar chreat clársceidealaithe IPA le haghaidh cuspóirí sonracha a thabhaiert i gcrích dá dtagraítear in Airteagal 3. Is é an Coimisiún a bhunóidh an creat clársceidealaithe IPA don tréimhse a bhaineann le creat airgeadais ilbhliantúil an Aontais.
2. An creat clársceidealaithe IPA, cuirfidh sé straitéisí náisiúnta ábhartha agus beartais earnála san áireamh de réir mar is cóir.  
  
Díreofar an cúnamh ar chás sonracha na dtairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus déanfar é a choigeartú do na cásanna sin, agus aird á tabhairt ar na hiarrachtaí breise a mbeidh gá leo chun na critéir bhallraíochta a chomhlíonadh chomh maith le cumais na dtairbhíthe sin. Déanfar an cúnamh a dhifreáil maidir le raon feidhme agus déine i gcomhréir le riachtanais, le tiomantas d'athchóirithe agus leis an dul chun cinn atá déanta maidir leis na hathchóirithe sin a chur chun feidhme.
3. Gan dochar do mhír 4, déanfaidh an Coimisiún an creat clársceidealaithe ICR a ghlacadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir le nós imeachta scrúdúcháin an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 16.

<sup>33</sup> [https://ec.europa.eu/europeaid/policies/sustainable-development-goals\\_en](https://ec.europa.eu/europeaid/policies/sustainable-development-goals_en)

<sup>34</sup> [https://ec.europa.eu/europeaid/policies/eu-approach-aid-effectiveness\\_en](https://ec.europa.eu/europeaid/policies/eu-approach-aid-effectiveness_en)

4. Glacfaidh an Coimisiún an creat clársceidealaithe le haghaidh comhar trasteorann leis na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 10 (1) de [Rialachán ETC].
5. Áireofar ar an gcreat clársceidealaithe IPA táscairí le measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn ag féachaint do na spriocanna a leagfar amach iontu a bhaint amach.

#### *Airteagal 8*

##### *Bearta agus modhanna cur chun feidhme*

1. Cuirfear cúnamh faoi IPA III chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indéach i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais trí phleananna gníomhaíochta bliantúla nó ilbhliantúla agus trí bhearta dá dtagraítear i gCaibidil III de Theideal II de [Rialachán ICFCI]. Beidh feidhm ag Caibidil III de Theideal II de [Rialachán ICFCI] maidir leis an Rialachán seo seachas mír 1 d'Airteagal 24 [daoine incháilithe agus eintitis].
2. Faoi Rialachán seo, féadfar pleananna gníomhaíochta a ghlacadh ar feadh tréimhse nach faide ná seacht mbliana.

#### *Airteagal 9*

##### *Comhar trasteorann*

1. Leithdháilfear go tásach suas le 3 % den imchlúdach airgeadais ar chláir chomhair thrasteorann idir na tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus na Ballstáit, ar aon dul lena gcuid riachtanas agus tosaíochtaí.
2. Ní bheidh ráta athmhaoiniúcháin ar leibhéal gach tosaíochta os cionn 85 % de chaiteachas incháilithe cláir comhair trasteorann. Is é 100 % ráta cómhaoiniúcháin an Aontais a bheidh ann le haghaidh cúnamh teicniúil.
3. Socrófar leibhéal an réamh-mhaoinithe le haghaidh comhar trasteorann leis na Ballstáit sa chlár oibre de réir riachtanais na dtairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus na gríoch rannpháirteach agus féadfar é a shocrú os cionn an chéatadáin dá dtagraítear in Airteagal 49 de Rialachán ETC.
4. I gcás ina scoirfear de chláir comhair trasteorann i gcomhréir le hAirteagal 12 de [Rialachán ETC], féadfar aon tacaíocht ón Rialachán seo don chlár ar scoireadh de a bheidh ar fáil fós a úsáid chun aon ghníomhaíochtaí eile a mhaoiniú faoi Rialachán seo.

#### *CAIBIDIL IV*

##### *INCHÁILÍOCHT AGUS FORÁLACHA SONRACHA EILE*

#### *Airteagal 10*

##### *Incháilíocht le haghaidh cistiúcháin faoi IPA III*

1. Beidh táirgeoirí, iarratasóirí agus iarrthóirí ó na tíortha seo a leanas incháilithe le haghaidh cistiúcháin faoi ICR III:

- (a) Na Ballstáit, na tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, comhpháirtithe conartha an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus na tíortha faoi chuimsiú Iarscríbhinn I de [Rialachán ICFCI], agus
- (b) tíortha a mbunóidh an Coimisiún rochtain chómhalartach ar chúnamh seachtrach ina leith. Féadfar rochtain chómhalartach a dheonú, le haghaidh tréimhse teoranta d'aon bhliain amháin ar a laghad, nuair a dhéanfaidh tír incháilitheacht a dheonú ar choinníollacha comhionanna le heintitis ón Aontas agus ó thíortha incháilithe faoin Rialachán seo. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an rochtain chómhalartach tar éis dó dul i gcomhairle leis an tír is faighteoir nó leis na tíortha is faighteoirí lena mbaineann;

## *CAIBIDIL V*

### *CEFI+ AGUS RÁTHAÍOCHTAÍ BUISÉADACHA*

#### *Airteagal 11*

##### *Ionstraimí airgeadais agus ráthaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha*

1. Na tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I, beidh siad incháilithe maidir leis an gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+) agus maidir leis an Ráthaíocht um Gníomhaíocht Sheachtrach dá bhforáiltear i gCaibidil IV de Theideal II de [Rialachán ICFCI]. Chuige sin, rannchuideoidh IPA III le soláthar a bhaineann leis an ráthaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 26 de [Rialachán ICFCI] i comhréir leis na hinfheistíochtaí a dhéantar agus a théann chun sochair do thairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I.

## *CAIBIDIL VI*

### *FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT*

#### *Airteagal 12*

##### *Faireachán, iniúchadh, meastóireacht agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais*

1. Beidh feidhme ag Caibidil V de Theideal II de [Rialachán ICFCI] i ndáil le faireachán, tuairisciú agus meastóireacht maidir leis an Rialachán seo.
2. Leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar dhul chun cinn IPA III i dtreo bhaint amach na gcuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3.
3. I dtaca le comhar trasteorann leis na Ballstáit, is iad na táscairí dá dtagraítear in Airteagal 33 de [Rialachán ETA] a úsáidfear.
4. Le cois na dtáscairí dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV, cuirfear na tuairiscí um méadú san áireamh i gcreat torthaí chúnamh IPA III.
5. I dteannta Airteagal 129 den Rialachán Airgeadais maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, faoi bhainistíocht indíreach, déanfaidh tairbhíthe a liostaítear in Iarscríbhinn I aon mhírialtachtaí a thuairisciú lena n-áirítear calaois, arb iad ab ábhar do thorthaí príomha

riaracháin nó torthaí breithiúnacha, agus an Coimisiún a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn níos imeachta riaracháin nó dlí. Déanfar an tuairisciú sin go leictreonach, tríd an gCóras Bainistíochta Mírialtachtaí a úsáid, arna bhunú ag an gCoimisiún.

## *CAIBIDIL VII*

### *FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*

#### *Airteagal 13*

##### *Tarmligean cumhachtaí*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 chun Iarscríbhinn II, Iarscríbhinn III agus Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú.

#### *Airteagal 14*

##### *An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 13 a thabhairt don Choimisiún.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 13 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 13 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

#### *Airteagal 15*

##### *Rialacha breise cur chun feidhme a ghlacadh*

1. Glacfar rialacha sonracha lena leagtar síos coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo go háirithe i dtaca leis na struchtúir a bhunófar mar ullmhúchán

don aontachas agus i dtaca le cúnamh forbartha tuaithe, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

### *Airteagal 16*

#### *Coiste*

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún ('Coiste um an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais'). Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina mbeidh tuairim an choiste le fáil trí nós imeachta i scríbhinn, cuirfear deireadh leis an nós imeachta sin gan toradh nuair a chinnfidh cathaoirleach an choiste amhlaidh, laistigh den teorainn ama chun tuairim a thabhairt, nó nuair a iarrfaidh tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.
3. Glacfaidh breathnóir ó BEI páirt in imeachtaí an Choiste maidir le ceistanna a bhaineann le BEI.
4. Tabharfaidh Coiste ICR III cúnamh don Choimisiún agus beidh sé inniúil freisin maidir le gníomhartha dlí agus gealltanais faoi Rialachán (CE) Uimh 1085/2006, faoi Rialachán 231/2014 agus maidir le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh 389/2006 a chur chun feidhme.
5. Ní bheidh Coiste IPA III inniúil le haghaidh na ranníocíochta le Erasmus + arna sainiú in Airteagal 5(3).

### *Airteagal 17*

#### *Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht*

1. Beidh feidhm ag Airteagal 36 agus ag Airteagal 37 de [Rialachán ICFCI].

### *Airteagal 18*

#### *Forálacha idirthréimhseacha*

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúnachas ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí lena mbaineann, go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu, faoi Rialachán 231/2014 [ICR II] agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 [ICR], a mbeidh feidhm aige maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu. Beidh feidhm ag Caibidil III de Theideal II de [Rialachán ICFCI], faoi Rialachán 236/2014 roimhe seo, maidir leis na gníomhaíochtaí sin seachas mír 1 d'Airteagal 24.
2. Ina theannta sin, féadfaidh imchlúdach airgeadais le haghaidh ICR III na speansais theicniúla agus riaracháin a chumhdach is gá chun an t-aistriú idir ICR III agus na bearta a glacadh faoi réamhtheachtaí ICR II a áirithiú.

3. Más gá, féadfar leithreasuithe a iontráil sa bhuiséad tar éis 2027 chun na speansais dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) a chumhdach, ionas go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích a bhainistiú.

*Airteagal 19*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa  
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán*

## **RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH**

### **1. 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

- 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh
- 1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann (*cnuasach an chláir*)
- 1.3. An cineál togra/tionscnaimh
- 1.4. Forais an togra/tionscnaimh
- 1.5. Fad agus tionchar airgeadais
- 1.6. Modh/modhanna bainistíochta atá beartaithe

### **2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

- 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe
- 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe
- 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

### **3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

- 3.1. Ceannteideal/ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne/na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar
- 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas
  - 3.2.1. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*
  - 3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*
  - 3.2.3. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*
- 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

An Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)

#### 1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann (*cnuasach an Chláir*)

Cnuasach réamhaontachais

#### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart<sup>35</sup>

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

#### 1.4. Na forais leis an togra/tionscnamh:

##### 1.4.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Rannchuidíonn an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) ar an iomlán le cuspóirí níos leithne a chomhlíonadh, mar atá cobhsaíocht, slándáil agus rachmas a áirithiú i gcomharsanacht an Aontais. Ina theannta sin, ó tharla go bhfuil na Ballstáit agus na tairbhíthe i ndeas dá chéile agus go bhfuil gá le comhordú a ghabhann leis sin, áirithítear go gcuidíonn an tacaíocht a thugtar do thairbhíthe leis an Aontas Eorpach a chuspóirí féin a bhaint amach maidir le téarnamh eacnamaíoch inbhuanaitheach, imirce, slándáil, solathar fuinnimh, iompar, an comhshaol agus athrú aeráide.

Tá an próiseas um méadú bunaithe ar chritéir sheanbhunaithe agus ar choinníollacht dhian. Déantar gach iarrthóir nó iarrthóir ionchasach a mheasúnú ar bhonn a fhiúntas féin. Is é is aidhm leis an measúnú ar an dul chun cinn atá bainte amach, agus aon easnamh a shainaithint, dreasachtaí agus treoir a chur ar fáil do na hiarrthóirí nó na hiarrthóirí ionchasacha chun tabhairt faoi na hathchóirithe forleithne. Le gur féidir leis an gcuspoir um méadú teacht in inmhe, tá sé ríthábhachtach cloí go docht leis an ngealltanas maidir le ‘bunphrionsabail i dtoscach’. Leis an méadú, treisítear an tsíocháin, an daonlathas agus an chobhsaíocht san Eoraip agus cuireann sé ar chumas an Aontais bheith ullamh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán dhomhanda. Cruthaítear athchóiriú polaitiúil agus eacnamaíoch forleathan i gcomhpháirtithe an mhéadaithe, a théann chun sochair an Aontais ina iomláine freisin, le cumhacht claochlaithe phróiseas an mhéadaithe. Tá an ghluaiseacht i dtreo an aontachais ag brath ar a mhéid a urramaíonn gach iarrthóir luachanna an Aontais agus a mhéid is féidir leo na hathchóirithe riachtanacha a ghabháil ar láimh d’fhonn a chórais

<sup>35</sup> Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

\* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

pholaitiúla, institiúideacha, dlí, riaracháin agus eacnamaíocha a chur ar chomhréim le rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais.

I Samhain 2015, leag an Coimisiún Eorpach straitéis mheántéarmach amach maidir le beartas an Aontais Eorpaigh um méadú, rud atá bailí go fóill. Cumhdaítear comhpháirtithe na mBalcán Thiar agus an Tuirc sa chlár oibre um méadú atá ann faoi láthair. Osclaíodh caibidlíocht maidir le haontachas leis an Tuirc (2005), Montainéagró (2012) agus an tSeirbia (2014), tíortha is iarrthóirí. Is iarrthóir é Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine ó 2005 i leith agus bhain an Albáin stádas iarrthóra amach in 2014. Is iarrthóirí ionchasacha iad an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (rinneadh iarratas ar theacht isteach san Aontas Eorpach a thíolacadh in 2016) agus an Chosaiv\* (tháinig Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais i bhfeidhm in Aibreán 2016). An 17 Aibreán 2018, mhol an Coimisiún don Chomhairle caiblíochtaí maidir le haontachas a oscailt le Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine agus leis an Albáin, i bhfianaise an dul chun cinn a rinneadh, lena ndearnadh an móiminteam le haghaidh athchóirithe atá ann faoi láthair a chothabháil agus a dhoimhniú.

D'athdheimhnigh an Coimisiún Eorpach an t-ionchas daingean do bhallraíocht den Aontas Eorpach do na Balcáin Thiar bunaithe ar fhiúntais an ionchais sin, ina Theachtaireacht uaidh le déanaí, 'Peirspictíocht inchreidte faoi mhéadú le haghaidh na mBalcán Thiar agus rannpháirtíocht fheabhsaithe AE leis na Balcáin Thiar'. Teachtaireacht láidir spreagúil do na Balcáin Thiar ar fad is ea é agus is léiriú é ar ghealltanas an Aontais Eorpaigh don todhchaí Eorpach seo acu.

Rinne an Coimisiún idirphlé oscailte cuiditheach a chothabháil leis an Tuirc agus tá sé ag tapú gach deise chun a chur in iúl go soiléir nár mhór go mbeidh bearta agus athchóirithe comhfhreagracha ag gabháil leis an ngealltanas sainráite ón Tuirc maidir le haontachas. Tá fonn air freisin leanúint de bheith ag plé leis an Tuirc i roinnt réimsí rithabhachtacha comhleasanna, lena n-áirítear trádáil agus caidrimh eacnamaíocha, fuinneamh, iompar, imirce agus tearmann, beartas eachtrach agus an fhrithsceimhlitheoireacht.

Ba cheart do IPA III a bheith suite go soiléir i gcomhthéacs na Straitéise nua maidir leis na Balcáin Thiar, agus ba cheart go léireofaí ann na forbairtí sa chaidreamh leis an Tuirc. Is léiriú é IPA III ar chuspóirí na Straitéise nua le haghaidh na mBalcán Thiar chun na nithe seo a leanas a dhéanamh: An tionchar is mó is féidir a bhaint amach maidir leis na Tionscnaimh Shuaitheanta a leagtar amach sa Straitéis, cuidiú leis an bpróiseas claochlaithe sna Balcáin Thiar sa chéad tréimhse eile, Cláir Coigeartaithe Eacnamaíocha (ERPanna) stóinseacha agus moltaí sonracha do gach comhpháirtí faoi leith a chur chun feidhme agus an fócas ar athchóirithe a athnuachan, na hathchóirithe is gá le haghaidh ballraíochta amach anseo.

Tugtar le fios sa straitéis maidir leis na Balcáin Thiar go bhfuil dáta ionchasach ann le haghaidh aontachais (2025) i dtaca le roinnt de na hiarrthóirí ar a laghad má éiríonn leo na coinníollacha ar fad a chomhlíonadh. Ní mór acmhainní airgeadais a bheith ar fáil chun tacú leis na hullmhúcháin agus leis na hinfheistíochtaí is gá sna blianta roimh aontachas, lena n-áirítear aistriú éasca de réir a chéile a áirithiú ón stádas réamhaontachais go dtí stádas Ballstáit le go mbeifear in ann an cumas is gá a fhorbairt chun na stáit sin a ghabháil, go háirithe maidir le cur chun feidhme an bheartais talmhaíochta agus chomhtháthaithe.

*1.4.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú,*

*deimhneacht dhlíthiúil, éifeachtacht mhéadaithe nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn “luach breise a bhaineann le rannpháirteachas AE” an luach a bhíonn mar thoradh ar idirghabháil an Aontais atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann murach sin ag na Ballstáit dá mbeidís ag feidhmiú leo féin.*

De réir a nádúir féin is cúram é méadú leantach an Aontais Eorpaigh ar fearr a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Is éifeachtúla cúnamh réamhaontachais a dheonú faoi aon ionstraim amháin ar bhonn tacar aonair critéar ná cúnamh a dheonú ó iliomad foinsí – lena n-áirítear buiséid náisiúnta na mBallstát – agus iad ag obair de réir nósanna imeachta agus tosaíochtaí éagsúla. Ina theannta sin, le tionchar agus inniúlacht an Aontais Eorpaigh beifear in ann plé le húdaráis náisiúnta ar bhonn níos údarásaí agus níos deimhne ó thaobh dlí de ná mar is féidir le Ballstát a dhéanamh leis féin. Comhlánaíonn an Ionstraim beartas um méadú an Aontais trí thacú le hathchóirithe polaitiúla agus eacnamaíocha i dtíortha is iarrthóirí/tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus úsáidtear í go réamhghníomhach chun caibidlíochtaí a chur chun cinn le rialtais is tairbhíthe i dtreo critéir Chóbanhávin a chomhlíonadh chomh maith leis an gcoinníollacht a bhaineann leis na Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlathachais.

#### 1.4.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil eile san am a chuaigh thart*

Sa tuarascáil athscrúdaithe mheántéarmach (Nollaig 2017)<sup>36</sup> ar dheich gcinn de na hionstraimí maoinithe seachtracha<sup>37</sup> - lena n-áirítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) - baineadh an chonclúid as go raibh na hionstraimí gníomaíochta seachtraí oiriúnach don fheidhm atá leo ar an iomlán agus go raibh treochoí dearfacha ag teacht chun solais i ndáil le cuspóirí a ghnóthú.

Ní bheadh ach athruithe fíorbheaga de dhíth le go mbeidh sé suite go soiléir i gcomhthéacs na Straitéise nua maidir leis na Balcáin Thiar, agus le go léireofaí ann na forbairtí sa chaidreamh leis an Tuirc. San am céanna, ba cheart iarrachtaí breise a chur ar bun chun comhsheasmhacht agus sineirgíochtaí a áirithiú leis an ionstraim leathan, go háirithe i ndáil leis an gcomhpháirt théamach nach féidir a chlársceidealú. Go dtí seo, is maith mar a bhí comhlántacht na hionstraime le hionstraimí maoinithe seachtracha, go háirithe EIDHR agus an Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin ach níor leor an comhordú le linn na céime pleanála agus clársceidealaithe. Dá mbeadh na timthrialta IPA agus comhpháirteanna clársceidealaithe na hionstraime leithne i neas-chomhthreo le chéile, d'éascófaí an chomhlántacht.

I dtéarmaí tosaíochtaí polaitiúla, déanfar IPA III a mhúnlú de réir na dtosaíochtaí polaitiúla rithabhachtacha seo a leanas: An Smacht Reachta, Cearta Bunúsacha agus rialachas; Forbairt Shocheacnamaíoch; Beartais agus *acquis* an Aontais Eorpaigh;

<sup>36</sup> Bhí an tuarascáil athscrúdú mheántéarmach COIM(2017) 720 final bunaithe ar dheich gcinn de dhoiciméid inmheánacha oibre (féach an liosta thíos), doiciméid a bhí bunaithe ar dheich gcinn de mheastóireachtaí neamhspleácha. Is féidir teacht ar an tuarascáil scrúdúcháin mheántéarmach, ar na doiciméid inmheánacha oibre agus ar na meastóireachtaí anseo: [https://ec.europa.eu/europeaid/public-consultation-external-financing-instruments-european-union\\_en](https://ec.europa.eu/europeaid/public-consultation-external-financing-instruments-european-union_en)

<sup>37</sup> Seo a leanas na deich n-ionstraim faoi chaibidil: an Ionstraim Airgeadais le haghaidh Comhar um Fhorbairt; an Ciste Eorpach Forbraíochta; An Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (ENI); An Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais ('IPA III'), an Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin; An Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Chearta an Duine (EIDHR); an Ionstraim um Chomhpháirtíocht; An Ionstraim um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach (INSC); Cinneadh na Graonlainne; Comhrialachán cur chun Feidhme;

Agus Athmhuintearas, dea-chaidrimh idir comharsana agus comhar réigiúnach. Cé gur míníodh iad sin go mion faoi IPA II, ní mór dúshlán nua amhail imirce, slándáil agus athrú aeráide a chur san áireamh freisin.

Chun freagairt do na tosaíochtaí nua agus na ceachtanna a foghlaimíodh a chomhtháthú, beidh gá le IPA III a chur i ndeas-chomhthreo a thuilleadh le forbairtí sa bheartas um méadú a rinneadh le déanaí. Chuige sin tá dlúthcheangal ag teastáil le cuspóirí na Straitéise nua maidir leis na Balcáin Thiar, chun an tionchar is mó is féidir a bhaint amach maidir leis na Tionscnaimh Shuaitheanta a leagtar amach sa Straitéis, chun cuidiú leis an bpróiseas claochlaithe sna Balcáin Thiar sa chéad tréimhse eile, chun Cláir Coigeartaithe Eacnamaíocha (ERPanna) stóinseacha a chur chun feidhme nó chun fócas ar athchóirithe a athnuachan, na hathchóirithe is gá le haghaidh ballraíochta amach anseo. Ní mór solúbthacht bhreise a áirithiú sna leithdháilte cistiúcháin chun freastal ar thosaíochtaí a thagann chun solais nó nach bhfuil coinne leo agus leibhéal an dul chun cinn sna tíortha faoi leith a chur san áireamh ó thaobh athchóirithe a bhaineann leis an Aontas Eorpach. Beidh gá le dlús a chur le cur chun feidhme, go háirithe sna blianta tosaigh, chun crapadh struchtúrach agus riaráistí cur chun feidhme a sheachaint, agus chun deileáil leis na moilleanna atá ann faoi láthair de réir a chéile. I gcomhthéacs acmhainní buiséadacha srianta, beidh ar IPA III obair a dhéanamh chun úsáid bhreise a bhaint as ionchas gearála Institiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais agus as comhpháirtithe eile, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, go háirithe chun tacú le hiomíochas agus le fás cuimsitheach, nó infheistíochtaí bonneagair mórscála a mhaoiniú. Ní mór an creat foriomlán feidhmíochta a neartú agus a shimpliú.

*1.4.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leo:*

Féachann an clár le comhlántachtaí a chruthú le réimse iomlán clár de chuid an Aontais, lena n-áirítear cláir beartais inmheánacha agus Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta. Go háirithe tá sineirgíochtaí ann go fóill leis an gCiste Forbraíochta Réigiúnaí agus Ciste Comhtháthaithe na hEorpa, agus an Comhbheartas Talmhaíochta in ullmhúchán an tairbhí chomhpháirtíochta is chun maoiniú an Aontais a bheith ann amach anseo a ghabháil agus a bhainistiú.

Ní mór comhsheasmhacht a choinneáil idir an Ciste InvestEU, an uirlis nua infheistíochta aonair le haghaidh bheartais inmheánacha an Aontais Eorpaigh, agus an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III), ionas go ndéanfar an rochtain a d'fhéadfadh a bheith ann d'iarrthóirí agus d'iarrthóirí ionchasacha ar aontachas leis an Aontas Eorpach a chothabháil agus a mhéadú, más féidir, faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile.

## 1.5. Fad agus tionchar airgeadais

### ☒ tréimhse neamhtheoranta

- cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó 2021.

## 1.6. Modh/modhanna bainistíochta atá beartaithe<sup>38</sup>

### ☒ Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

- ☒ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

### ☐ Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

- ☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☒ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☒ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☒ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☒ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;
- ☒ comhlachtaí dlí poiblí;
- ☒ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid a chuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;
- ☒ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear cúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☒ daoine a gcuirtear cúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn “Nótaí” le do thoil.*

## Nótaí

Cuirfear cúnamh faoi IPA III chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais trí phleananna gníomhaíochta bliantúla nó ilbhliantúla agus trí bhearta. Tá tíortha comhpháirtíochta á gcoigeartú fós i ndáil le hathruithe IPA II agus tá an cur chun feidhme maidir le cláir IPA II ag staid luath fós freisin; dá thoradh sin, ba cheart an oiread leanúnachais agus is féidir a dhaingeanú. Ba cheart gné láidir bunaithe ar fheidhmíocht a chothabháil ach í a bheith simplithe chun gur fusa faireachán agus tuairisciú a dhéanamh air, agus chun dreasacht fhirinneach a thabhairt do thairbhíthe.

Leanfaidh IPA III de bheith ag brath ar réimse comhpháirtithe amhail údaráis náisiúnta, eagraíochtaí idirnáisiúnta, gníomhairí agus eagraíochtaí sna Ballstáit, eagraíochtaí na socháí

<sup>38</sup> Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrtóireacht an Bhuiséid:

<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>

sibhialta, institiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus forbraíochta i gcásanna ina bhfuil breisluach soiléir ag baint leo, rud a chuirfidh le ceachtanna a foghlaimíodh agus le taithí a fuarthas.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Gné thábhachtach de chóras Faireacháin an Choimisiúin Eorpaigh is ea an creat feidhmíochta foriomlán, atá bunaithe ar chuspóirí sonracha iomchuí agus ar tháscairí comhfhreagracha, agus is ar thorthaí a bheidh an bhéim mhéadaitheach ag díriú feasta.

Baineann siad le foireann inmheánach mar aon le saineolas seachtrach. Déanann bainisteoirí oibríochtúla i dToscaireachtaí AE agus sa Cheanncheathrú faireachán leanúnach ar chur chun feidhme tionscadal agus clár, lena n-áirítear, nuair is féidir, trí chuartheanna allamuigh. Baintear faisnéis luachmhar maidir le dul chun cinn trí fhaireachán, agus tugtar cúnamh do bhainisteoirí baic iarbhir agus baic fhéideartha a shainaithint agus gníomhaíocht cheartaitheach thráthúil a ghlacadh nuair is iomchuí.

Ina theannta sin, déantar saineolaithe seachtracha, neamhspleácha a chonrú chun feidhmíocht ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais Eorpaigh a mheasúnú trí bhíthin córas comhlántach éagsúil. Cuireann na measúnuithe seo le cuntasacht agus le feabhas a chur ar idirghabhálacha leanúnacha; baineann siad leas as ceachtanna chomh maith ó thaithí a fuarthas roimhe seo maidir le beartais agus gníomhaíochtaí amach anseo. Baintear úsáid as uirlisí i gcomhréir le critéir mheastóireachta ECFE-CCF agus i gcomhréir le cur chuige an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Rialáil Níos Fearr.

Tacaíonn an Coimisiún le tíortha tairbhíocha chomh maith chun a n-acmhainní féin a fhorbairt. I gcás ina mbainistíonn an Coimisiún an cúnamh thar ceann an tairbhí, is ar an gCoimisiún a fhanfaidh an phríomhfhreagracht maidir le faireachán. Ar an láimh eile, i gcás ina mbainistíonn tíortha is tairbhíthe an cúnamh faoina bhfreagracht féin (bainistíocht indíreach) ní bheidh ach ról maoirseachta den chuid is mó ag an gCoimisiún, agus is ar an tairbhí a bheidh an phríomhfhreagracht.

Tuairiscítear i bhfaireachán ar leibhéal tionscadail ar dhul chun cinn de réir pleananna, go háirithe maidir le: (i) dámhachtainí conarthacha/deontais agus (ii) seachadadh aschur. Tacaíonn an córas *Results Oriented Monitoring - ROM* (Faireacháin atá Dírithe ar Thorthaí} le bainisteoirí oibríochtúla, córas lena gcuirtear roghbhlúire fócasaithe ar fáil maidir le cáilíocht sampla idirghabhálacha. Ag baint úsáide as modheolaíocht chaighdeánaithe, ardstruchtúrtha, tugann saineolaithe neamhspleácha ROM measúnú lena léirítear láidreachtaí agus laigí an tionscadail agus múnlaíonn siad moltaí faoin gcaoi is fearr chun éifeachtacht a fheabhsú.

Ar leibhéal na hearnála agus an chlár, cuireann coistí faireacháin a bhfuil ionadaithe na dtairbhíthe agus an Coimisiún ina gcomhchathaoirleach orthu an fóram ar fáil chun dul chun cinn a mheasúnú de réir pleananna. Tacaítear leis na coistí sin trí bhíthin chinntí na dtuarascálacha faireacháin agus na meastóireachtaí. Tá ról rithábhachtach acu chun a áirithiú go gcuirfidh cur chun feidhme an chúnamh airgeadais go cuí leis an idirphlé beartais agus go ndéanfar conclúidí agus moltaí na gcoistí a athleanúint ar bhonn córasach.

## 2.2. Córas bainistíochta / córais bhainistíochta agus rialaithe

### 2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, na sásraí cur chun feidhme cistiúcháin, na módúlachtaí íocaíochta agus an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Cuirfear cúnamh faoi IPA III chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais trí phleananna gníomhaíochta bliantúla nó ilbhliantúla agus trí bhearta. Roghnófar ról bhainistíochta ar bhonn an chineáil cláir agus an chineáil comhpháirtithe. Bainisteofar an comhar críochach leis na Ballstáit i mbainistíocht chomhroinnte i gcomhréir le Rialachán ETC. Dá bhrí sin níl bainistíocht chomhroinnte á beartú faoin Rialachán seo. Níl aon athruithe bunúsacha ann ón Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais II, mar go bhfuil an cur chun feidhme le haghaidh cláir IPA II ag céim luath go fóill. Dá thoradh sin, ba cheart an oiread leanúnachais agus is féidir a dhaingeanú.

Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag brath ar réimse comhpháirtithe amhail údarais náisiúnta, eagraíochtaí idirnáisiúnta, gníomhairí agus eagraíochtaí sna Ballstáit, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, institiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus forbraíochta i gcásanna ina bhfuil breisluach soiléir ag baint leo, rud a chuirfidh le ceachtanna a foghlaimíodh agus le taithí a fuarthas.

Leanfar de bheith ag cur bainistíocht indíreach chun cinn i geláir ina ndéantar na tairbhíthe a ullmhú le haghaidh bhainistiú na gcistí struchtúracha go háirithe i réimse na forbartha tuaithe agus talmhaíochta. Déanfar an trasdul ó bhainistiú díreach na gcistí réamhaontachais ag an gCoimisiún go bainistiú indíreach ag na tairbhíthe de réir a chéile é agus i gcomhréir le cumas na dtairbhíthe sin faoi seach. Leanfaidh an cúnamh de bheith ag baint úsáide as na struchtúir agus as na hionstraimí a chruthaigh go raibh fiúntas leo sa phróiseas réamhaontachais.

I dtéarmaí ionstraimí agus modhanna seachada, áireofar gach cineál maoinithe a bheartaítear sa Rialachán Airgeadais in IPA III (idir deontais, soláthar, duaiseanna, ranníocaíochtaí le cistí Iontaobhais an Aontais Eorpaigh, tacaíocht bhuiséid earnála agus ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha).

I gcomhréir le hAirteagal 125 den [Rialachán nua Airgeadais], a mhéid is féidir sin, tá sé beartaithe in IPA III foirmeacha simplithe ranníocaíochta a úsáid mar atá cnapshuimeanna, costais aonaid agus rátaí comhréidhe le haghaidh costais incháilithe a aisíoc chomh maith le maoiniú nach bhfuil nasctha le costais maidir le costais i gcás inarb ábhartha sin.

Tá próisis rialaithe inmheánaigh bunaithe ag an Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú (AS NEAR) arb é is aidhm leis bainistíocht leordhóthanach a áirithiú maidir leis na rioscaí a bhaineann le dlíthiúlacht agus le rialtacht na mbun-idirbheart, ag cur san áireamh cineál ilbhliantúil a chlár chomh maith le cineál na n-íocaíochtaí lena mbaineann.

- Catagóiriú thimpeallacht rialála fhoriomlán AS NEAR.

Timpeallacht chasta atá tugtha do rioscaí is ea timpeallacht oibríochtúil AS NEAR, arb iad seo a leanas na saintréithe uirthi:

Tríd agus tríd, tá ardleibhéal riosca sna tíortha comhpháirtíochta (atá níos airde i gcuid áirithe ná cuid eile) mar gheall ar an timpeallacht pholaitiúil, institiúideach, riaracháin agus sóisialta. Ní mór an anailís riosca a tuiscint go mion de réir an chomhpháirtithe.

- Tá gníomhaíochtaí scaipthe go geolaíoch, in isteach agus amach le 25 thír, agus is iad na toscaireachtaí a bhainistíonn cistí do AS NEAR.
- Tá líon ard oibríochtaí agus idirbhearta airgeadais a ghabhann leo ann.
- Tá dhá phríomhionstraim airgeadais ann nár mhór a bhainistiú, mar aon leis na cinn a tháinig rompu, agus tá bunús dlí agus rialacha cur chun feidhme ag gabháil le gach ceann díobh agus ionstraimí airgeadais eile freisin (línte téamacha), arna dtras-fhotharmligeán ó Ard-Stiúrtóireachtaí eile.
- Tá éagsúlacht comhpháirtithe ann i gcur chun feidhme a cuid gníomhaíochtaí (tairbhíthe comhpháirtíochta IPA, gnólachtaí príobháideacha, Eintitis Iontaobhaithe, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha.
- Tá éagsúlachta foirneacha agus modhanna cur chun feidhme airgeadais ann (cur chuige tionscadail, tacaíocht bhuiséadach, cur chuige earnála, bainistíocht indíreach i gcomhar le tairbhíthe comhpháirtíochta nó le heintiteas iontaobhaithe, cumasc, cistí iontaobhais, bainistíocht chomhroinnte faoi Chomhar Trasteorann, etc.).

Le haghaidh a thuilleadh mionsonraithe faoin straitéis rialála, féach 2.2.2. thíos.

#### 2.2.2. *Faisnéis maidir leis na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánaigh a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá cinnteacht AS NEAR bunaithe ar phirimd rialuithe, lenar féidir earráidí a bhrath ar leibhéil éagsúla chun a áirithiú go bhfanann an earráid iarmharach faoi bhun na tairisí inmhiannaithe, is é sin 2 %.

- (1) Séard atá sa chéad leibhéal rialaithe ‘*ex ante*’ (sula ndéanann an tOifigeach Údarúcháin trí Tharmligeán é a fhormheas) grinnmhaoirsiú ar sheiceálacha gach idirbheart oibríochtúil agus airgeadais bunaithe ar scagchuidir airgeadais na hArd-Stiúrtóireachta, a dtugann liostaí seiceála an-chuimsitheacha agus mionsonraithe cúnamh dóibh chuige. Is mórfhoinsé í seo chun earráidí a chosc, a bhrath agus a cheartú.
- (2) Seo a leanas deimhnithe caiteachais éigeantacha nár mhór a chur le hiarratais: deimhnithe a theastaíonn go sonrach i ndoiciméid chonarthaigh arna dtionscnamh ag an tairbhí: Leanann AS NEAR an Rialachán Airgeadais, lena leagtar amach na cásanna nár mhór deimhniú caiteachais a chur le héilimh ar íocaíocht arna eisiúint ag iniúchóir seachtrach.
- (3) Iniúchtaí bunaithe ar riosca: Déanann AS NEAR measúnú riosca stóinseach ar leibhéal an tionscadail ag tús gach bliana, arb é is bun leis an bplean iniúcháireachta. Is é is cuspóir leis sraith bhreise rialuithe a ndéanann an tOifigeach Údarúcháin trí Tharmligeán a ghníomhú nuair a bhraitear rioscaí sonracha. Is iad sin iniúchtaí airgeadais, iniúchtaí córas agus iniúchtaí comhcheangailte airgeadais agus córas (iniúchtaí lánfheidhme a bhfuil tuairimí iniúchta ag gabháil leo); nó dearbhuithe Eagraíochtaí Idirnáisiúnta (nósanna imeachta comhaontaithe, ina gcinntear rialuithe go dian i gcomhaontuithe (amhail an creat-chomhaontú airgeadais agus riaracháin), agus ní eisiónn iniúchóirí ‘tuairimí’ ach ‘tuarascálacha maidir le torthaí fíriciúla’.
- (4) Is uirlís é faireachán dírithe ar thorthaí (*Results-Oriented Monitoring*) (ROM) chun feidhmíocht agus torthaí tionscadal agus clár a thuairisciú arna gcistiú ag an Aontas Eorpach. Déantar tagairt ann do cheithre chritéar (ábharthacht,

éifeachtúlacht, éifeachtacht, inbhuanaitheacht). Tríd an gcleachtas sin, is féidir faisnéis bhunúsach a sholáthar ar féidir a úsáid chun cinntí a bhaineann le faireachán/meastóireacht/iniúchadh agus bainistíocht a threorú amach anseo ar leibhéal an tionscadail/an chláir.

- (5) Measúnú córasach oibiachtúil is ea iad na meastóireachtaí ar thionscadal críochnaithe nó ar thionscadal atá ar obair fós, ar chlár nó ar bheartas, ar an gcaoi a gceaptar é, ar a chur chun feidhme agus ar a chuid torthaí. Dé ghnách is iad saineolaithe seachtracha, neamhspleacha a dhéanann na meastóireachtaí, agus is iad a scrúdaíonn idirghabháil i gcoinne critéir shainithe amhail ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht; inbhuanaitheacht, comhsheasmhacht agus breisluach an Aontais Eorpaigh (i gcomhréir le critéir mheastóireachta ECFE-CCF agus i gcomhréir le cur chuige an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Rialáil Níos Fearr).
- (6) Seiceálacha ar an láthair: Déanann seiceálacha den sórt sin faireachán a chomhlánú sa mhéid agus go n-áirithítear leo go ndéantar táirgí insoláthartha an chonartha/an tionscadail a dheimhniú ar an láthair, mar aon le gnéithe a bhaineann le dlíthiúlacht agus rialtacht, chun tacú leis an víosa oibríochtúil ('deimhnithe a bheith ceart') nó chun cinnteacht bhreise a thabhairt, maidir le Bainistíocht Indíreach i gcomhar le Tír is Tairbhí, gur féidir brath ar fhaireachán agus ar rialuithe na n-údarás náisiúnta / na n-eintiteas iontaobhaithe chun tacú lena víosaí íocaíochta. Is féidir gné chonarthaigh/airgeadais a chur san áireamh sna seiceálacha ar an láthair bunaithe ar mheasúnú riosca, agus sa chás sin beidh baint ag foireann oibríochtúil agus ag foireann conarthaí agus airgeadais leis.
- (7) Measúnú bunaithe ar Cholúin ar Bhainistíocht Indíreach le hEintitis Iontaobhaithe: Is féidir le AS NEAR gníomhaíochtaí a thabhairt ar iontaobh d'eintitis a ndearna AS NEAR nó seirbhísí eile de chuid an Choimisiúin measúnú bunaithe ar colúin orthu. Ní mór do na heintitis sin ceanglais a chomhlíonadh maidir le réimsí arna sainaithint sa Rialachán Airgeadais.
- (8) Iniúchtaí Córas maidir le Bainistíocht Indíreach le Tír is Iarrthóir: Déantar iad trí fhoireann an Choimisiúin nó trí chonraitheoirí seachtracha a úsáid.
- (9) Faigheann an Coimisiún fianaise go bhfuil na ceanglais a leagtar amach sa Chreatchomhaontú comhlíonta, go háirithe tríd an tacaíocht threisithe a thugtar do na hÚdaráis Iniúcháireachta. Cuirtear tuairimí in iúl maidir le ceapadh agus buanseasmhacht córas náisiúnta agus fo-chóras. In 2017, rinne AS NEAR iniúchtaí ar Bhainistíocht Indíreach le Tír is Iarrthóir (agus/nó measúnú iar-iniúchta) i ndáil leis na cúig thír is iarrthóirí a bhaineann leas as an bpróiseas maidir le Bainistíocht Indíreach le Tír is Iarrthóir. Chuir gnólacht sheachtrach, a fuair an conradh chuige in 2016, bailchríoch ar an athbhreithniú teoranta i réimse Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) sna cúig thír ar fad. I ndiaidh na n-athbhreithnithe sin ullmhaíodh na pleananna gníomhaíochta TFC.
- (10) Maoirsiú misean chuig na Toscaireachtaí: Uirlis bhainistíochta í seo ar leibhéal na Stiúrthóirí. Tugann siad cinnteacht don Oifigeach Údarúcháin trí Tharmhligéan, chomh maith le léargas maidir le hacmhainneacht na dToscaireachtaí chun cúnaimh seachtrach an Aontais Eorpaigh a bhainistiú agus chun a spriocanna a ghnóthú. Tugtar cuairt ar gach Toscaireacht uair amháin faoi cheann gach 2-4 bliana.

- (11) IAS agus CIE: Déanann comhlachtaí iniúchta seachtracha rialuithe freisin, IAS agus CIE, agus cuidíonn a gcuid torthaí le córas rialaithe na hArd-Stiúrtóireachta a threisiú. Na hiniúchtaí a dhéanann IAS agus iad sin a dhéanann an Chúirt - iniúchtaí ar fheidhmíocht agus Dearbhú Cinnteachta - is uirlisí úsáideacha iad freisin chun tacú leis an gcinnteacht. Laistigh de chreat an Dearbhaithe Cinnteachta, tugann an Chúirt an ráta earráide is dóichí, rud a thugann léiriú soiléir ar fheidhmiú na gcóras rialaithe.
- (12) Bailíochtú an Chórais Áitiúil: Ina chuid oibre thar ceann Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin, athbhreithníonn AS BUDG gnéite feidhmíochtúla TF agus gnéithe nós imeachta chórais áitiúla na nArd-Stiúrtóireachtaí oibríochtúla ar fad, lena n-áirítear AS NEAR, chun a áirithiú maidir leis an bhfaisnéis a thagann ó na hoifigigh údarúcháin trí tharmligean ar aghaidh, go bhfuil sí iontaofa. Déantar na hathbhreithnithe sin faoi Airteagal 68 den Rialachán Airgeadais agus faoi Airteagal 56 de na Rialacha maidir le Cur i bhFeidhm. Cé go ndéantar na tástálacha go príomha chun cinnteacht a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta, tugann tuarascáil luachála dhearfach méid áirithe cinnteachta freisin do Bhainistíocht AS NEAR go bhfuil na córais atá faoi réir na tuarascála sin leordhóthanach ó thaobh a gceaptha de agus go bhfuil siad ag obair mar a bhíodas ag súil leis. In 2017, rinne AS BUDG athbhreithniú ar chórais áitiúla AS NEAR le haghaidh méideanna is infhaighte agus athshreabha ó ionstraimí airgeadais a mheas agus a bhunú.
- (13) Athbhreithniú ar Cháilíocht Chuntasaíochta: Is é AS NEAR a dhéanann an t-athbhreithniú ar cháilíocht chuntasaíochta ar bhonn bliantúil chun a áirithiú go dtugann a thuarascáil bhliantúil airgeadais agus a ranníocaíocht le cuntais chomhdhlúthaithe an Choimisiúin Eorpaigh léargas firinne cóir ar a gníomhaíochtaí airgeadais féin.
- (14) Lámhleabhair/Treoir agus oiliúint foirne: Eagraíonn AS NEAR seisiúin oiliúna dá bhaill foirne ag an gCeanncheathrú agus i dToscaireachtaí ar bhonn rialta, go háirithe ag na Laethanta Comhair agus ag cruinnithe de chuid na gCeann Airgeadais agus Oibríochtaí nó ag seimineáir réigiúnacha. Cuireadh bailchríoch ar Lámhleabhar nua maidir le Nósanna Imeachta agus cuireadh ar fáil é don fhoireann go luath in 2017.
- (15) An Ráta Earráidí Iarmharach: Séard is Earráidí Iarmharacha ann, na hearráidí a sháraigh na rialuithe chun iad a chosc, a bhrath agus a cheartú sa chreat rialála atá ann faoi láthair. Is é is aidhm leis an obair a dhéantar chun tacú le tomhas an Ráta Earráidí Iarmharaigh earráidí a shainaithint nár sainaithníodh roimhe trí bhíthin an chórais inmheánaigh rialála agus conclúid a bhaint maidir lena éifeachtúlacht.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis (ar an íocaíocht a dhéanamh agus ar dhúnadh an chláir)*

#### I. Costas / Leasanna maidir le rialuithe in AS NEAR

Níl mórán difir idir an socrú rialaithe atá molta i leith an IPA nua agus an ceann a bhaineann leis an ionstraim reatha. Beidh an struchtúr costais lena mbaineann comhchosúil dá bhrí sin.

Táthar ag tuar go ndéanfar costais maidir le rialuithe in 2017, de réir praghsanna 2017, a chothabháil:

Táthar ag meas gurb é EUR 89 milliún an costas maidir le rialuithe in AS NEAR le haghaidh 2017. Déantar an meastúchán trí mheasúnú a dhéanamh ar an gcaiteachas ar acmhainní daonna a bhaineann le rialú inmheánach, agus ar mheastóireacht agus ar iniúchadh chomh maith.

Measadh gurb é EUR 74 milliún na costais a bhaineann le hacmhainní daonna agus áirítear orthu sin costais dhíreacha, indíreacha agus forchostais. Tá an ríomh sin bunaithe ar líon na n-oifigeach agus na ngníomhairí ar conradh sa cheanncheathrú agus ar líon na n-oifigeach, na ngníomhairí ar conradh agus na ngníomhairí áitiúla sna toscaireachtaí, iolraithe faoi na meánchostais a thugann seirbhísí lárnacha (AS BUDG), agus scálaí ranníocaíochtaí á n-úsáid i ndáil le gach aonad. Cinntear an scála tríd an am a chaitheann gach aonad ar ghníomhaíochtaí rialaithe i gcás ina sainítear rialáil de réir Airteagal 2 den Rialachán Airgeadais. ciallaíonn "rialú" aon bheart a ghlahtar chun cinnteacht réasúnta a sholáthar maidir le héifeachtacht, éifeachtúlacht agus barainneacht oibríochta, iontaofacht tuairiscithe, acmhainní agus faisnéis a chosaint, calaois agus neamhrialtachtaí a chosc agus a bhrath agus a cheartú agus maidir lena leanúint, agus bainistíocht leordhóthanach ar na rioscaí a bhaineann le dlíthiúlacht agus le rialtacht na mbun-idirbheart, agus cineál ilbhliantúil na gclár á gcur san áireamh chomh maith le cineál na n-íocaíochtaí lena mbaineann. D'fhéadfadh seiceálacha éagsúla a bheith ag baint le rialuithe, mar aon le cur i bhfeidhm aon pholasaithe agus nósanna imeachta chun na cuspóirí a dhéantar cur síos orthu sa chéad abairt a bhaint amach; An ríomh maidir leis an gcostas rialaithe, is do chostais an Choimisiúin amháin atá sé ag tagairt.

Is é 2.9 % an costas a bhaineann le rialuithe mar sciara de luach na gcistí a bhaineann leo arna mbainistiú in 2017.

Ina theannta sin, ní mór dearbhmhéid an chostais a bhaineann le rialuithe a léamh i bhfianaise an leasa a bhaintear as na rialuithe sin (bainistíocht airgeadais fhónta arna deimhniú ag an Ráta Earráidí Iarmharach íseal, 2 %) agus i bhfianaise leasanna airgeadais cainníochtúla a bhaineann le rialuithe, EUR 189 milliún.

Níl costais arna dtabhú ag córais náisiúnta i dtíortha a bhfuil IPA á cur chun feidhme acu faoi bhainistíocht indíreach san áireamh. Ba cheart é a thabhairt faoi deara gur trí chaiteachas oibríochtúil IPA a mhaoinítear scair shuntasach de na costais infheistíochta agus oiliúna a dtabhaítear chun córais dá leithéid a chur ar bun.

## II Ráta earráidí in AS NEAR

Ó thaobh an ráta/na rátaí earráidí a mbeifí ag súil leis/leo, ag céim na dtograí reachtacha, is é is aidhm leis an ráta earráidí a choinneáil faoi bhun na tairsí 2 %.

### Meastúchán an Ráta Earráidí Iarmharaigh in AS NEAR

Tá staidéar forbartha ag AS NEAR lenar féidir meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chreata rialaithe fhoriomláin, agus is cuid thábhachtach é den fhaisnéis atá ar fáil don Ard-Stiúrthóir nuair a shíníonn sé an Dearbhú Cinnteachta.

Tá an táscaire seo ceaptha chun measúnú a dhéanamh ar phríomhchuspóir rialaithe na hArd-Stiúrthóireachta agus chun na hearráidí iarmharacha nár bhraith an córas

rialaithe foriomlán a thomhas. Ní mór dó fanacht faoi bhun 2 % de mhéid iomlán na n-idirbhearta a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh orthu.

Tá an staidéar maidir le Ráta Earráidí Iarmharach bunaithe ar shampla (arna tharraingt trí shampláil aonad airgeadra) de 720 eatramh i ndaonra de chonarthaí dúnta sa tréimhse idir Meán Fómhair 2016 agus Lúnasa 2017. Cuirtear cineál ilbhliantúil chlár AS NEAR san áireamh sa mhodheolaíocht sin, ar an ábhar gur dúnadh na conarthaí le linn na tréimhse a luadh agus cuirtear san áireamh iad maidir leis an tsampláil aonad airgeadra i gcás ina n-údaráítear sin le linn tréimhse de bhlianta.

Tá an Ráta Earráidí Iarmharach 2017 (0.67 %) i ndáil leis an Ard-Stiúrthóireacht an-sásúil. Is comhartha láidir é sin, i dtaca leis an bpirimid rialuithe a cuireadh ar bun ar gach leibhéal san Ard-Stiúrthóireacht, go bhfuil siad ag feidhmiú.

Seo a leanas mar a bhí an Ráta Earráidí Iarmharach in 2017:

|                                                                    |        |
|--------------------------------------------------------------------|--------|
| Earráidí ENI:                                                      | 0.65 % |
| Earráidí IPA (seachas Bainistíocht Indíreach le Tír is Iarrthóir): | 0.90 % |
| Earráidí IPA (agus Bainistíocht Indíreach le Tír is Iarrthóir):    | 0.36 % |
| AS NEAR;                                                           | 0.67 % |

Teorainneacha earráidí uasta agus íosta

Is é 2.33 % an ráta earráidí uasta ualaithe agus is é 0.06 % an ráta earráidí íosta. Fágann sé sin gur féidir linn a rá le leibhéal muiníne 95 % go dtagann an ráta earráidí faoin dá theorainn sin. Seo a leanas miondealú ar an teorainn earráidí uasta:

|                                            | Teorainn earráidí uasta | Ualaithe |
|--------------------------------------------|-------------------------|----------|
| ENI                                        | 2.25 %                  | 1.55 %   |
| IPA                                        | 2.62 %                  | 0.55 %   |
| Bainistíocht Indíreach le Tír is Iarrthóir | 2.31 %                  |          |
| 0.23 %                                     |                         |          |
| Iomlán                                     |                         | 2.33 %   |

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Fhrithchalaoise.*

I bhfianaise na timpeallachta riosca sna tíortha IPA ina bhfeidhmíonn DG NEAR, ní foláir nó go ndéanfaí teagmhas earráide comhlíontachta féideartha in idirbhearta a réamh-mheas sna córais agus go gcuirfí rialuithe coisctheacha, braiteacha agus ceartaitheacha san áireamh iontu chomh luath agus is féidir. Ciallaíonn sé sin i gcleachtas go mbraithfidh rialuithe comhlíontachta DG NEAR ar sheiceálacha suntasacha *ex-ante* den chuid is mó, arna ndéanamh ag foireann an Choimisiúin maidir le hidirbhearta, agus ar iniúchtaí córas córasacha ar chórais íocaíochta bainistithe indíreacha (agus roinnt seiceálacha agus iniúchtaí *ex-post* fós á

ndéanamh), ag dul i bhfad thar na coimircí airgeadais a cheanglaítear leis an Rialachán Airgeadais. Tá na comhpháirteanna suntasacha seo a leanas i gcreat comhlíontachta DG NEAR:

#### Bearta coiscitheacha

- Oiliúint lárnach ina gcuimsítear saincheisteanna calaoise i gcomhair foirne bainistíochta cabhrach;
- Treoir a chur ar fáil trí lámhleabhar nósanna imeachta NEAR a úsáid;
- Nós imeachta bliantúil maidir le Bainistíocht Indíreach le Tír is Iarrthóir lena n-áirítear deimhniú an chórais bhainistithe agus rialaithe atá ar bun, lena n-áirítear measúnú chun a áirithiú go bhfuil bearta iomchuí frithchalaoise ar bun chun calaois i mbainistiú cistí an Aontais Eorpaigh a chosc agus a bhrath ag na húdaráis a bhainistíonn na cistí ábhartha,
- Scagadh *ex-ante* ar na meicníochtaí frithchalaoise atá ar fáil sa chomhpháirtí is tairbhí mar chuid den mheasúnú ar chritéir cháilitheachta na bainistíochta airgeadais phoiblí maidir le tacaíocht bhuiséadach a fháil (i.e. tiomantas gníomhach chun dul i ngleic le calaois agus éilliú, údaráis iniúchta leormhaithe, cumas breithiúnach leordhóthanach agus meicníochtaí éifeachtúla freagartha agus smachtbhanna),
- Rialuithe *ex-ante* ar na conarthaí go léir a sholáthraítear go náisiúnta; arna dtarscaoileadh i ndiaidh do chórais náisiúnta tagarmharcálacha bainistíochta agus rialaithe déine a chomhlíonadh;

#### Bearta braiteacha agus ceartaitheacha

- Seiceálacha idirbhirt *ex-ante* arna bhfeidhmiú ag foireann an Choimisiúin;
- Fíoruithe agus iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa;
- Seiceálacha cúlghabhálacha agus aisghabhálacha.

Ina theannta sin sa chás ina gceaptar go dtarlaíonn neamhrialtacht d'aon ghnó (calaois) tá bearta eile ar fáil do DG NEAR lena n-áirítear:

- Teorainn ama le haghaidh íocaíochtaí a chur ar fionraí agus fógra a thabhairt don eintiteas;
- Iniúchtaí sonracha (iniúchadh *ad hoc*/fhóiréinseach);
- Córas Luathbhraite Eisiaimh (EDES);
- Conradh a chur ar fionraí/a fhoirceannadh;
- Nós imeachta eisiaimh.
- Iarratais seirbhísithe le haghaidh cistí ó chistí náisiúnta a chur ar fionraí;

Tá straitéis fhrithchalaoise dá cuid féin forbartha ag AS NEAR, arna forbairt ar bhonn na modheolaíochta arna gcur ar fáil ag OLAF. Rinneadh é a nuashonrú in 2016 agus a fhormheas do na blianta 2016-2017.

Seo a leanas cuspóirí ginearálta na straitéise fhrithchalaoise seo:

- Líonra frithchalaoise, bailiú sonraí agus treoir a thabhairt: chun líonra de Phointí Fócasacha OLAF a bhunú laistigh de AS NEAR, chomh maith le sonraí agus staitisticí a fhorbairt maidir le cásanna OLAF a bhaineann leis an Ard-Stiúrtóireacht.
- Tuairisciú bainistíochta agus caidrimh le páirtithe leasmhara an Aontais Eorpaigh: chun timthriallta tuairiscithe rialta a bhunú maidir le saincheisteanna frithchalaoise ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí agus ar leibhéal Coimisinéara, chomh maith leis na huirlisí a fhorbairt le go mbeifear in ann an tuairisciú sin a dhéanamh agus caidrimh idir AS NEAR agus OLAF a chomhordú.
- Feasacht a mhúscailt, nósanna imeachta agus bainistiú doiciméad: chun leibhéal feasachta maidir le calaois i measc fhoireann AS NEAR a mhúscailt, lena n-áirítear cur lena n-eolas agus lena n-acmhainneacht chun rialuithe cosc agus cigireachta agus chun nósanna imeachta agus treoir a fhorbairt maidir le calaois a thuairisciú agus eochairtháscairí feidhmíochta frithchalaoise don Phlean Bainistíochta.

### 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

#### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid nua atá beartaithe

| Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil: | Líne bhuiséid                                                                                                                                                                                           | Saghas caiteachais    | Ranníocaíocht                          |                                        |            |                                                            |
|-------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------|----------------------------------------|----------------------------------------|------------|------------------------------------------------------------|
|                                                 | Uimhir Ceannteideal 6                                                                                                                                                                                   | LD/LN <sup>39</sup> . | ó thíortha de chuid CSTE <sup>40</sup> | ó thíortha is iarrthóirí <sup>41</sup> | ó thíortha | de réir bhrí Airteagal [21(2)(b)] den Rialachán Airgeadais |
| Ceannteideal 6                                  | 16 01<br>Cúnamh réamhaontachais — Caiteachas ar bhainistíocht riaracháin                                                                                                                                | LD                    | NÍL                                    | NÍL                                    | NÍL        | NÍL                                                        |
| Ceannteideal 6                                  | 16 02<br>Cúnamh réamhaontachais — Creidiúintí oibriochtúla                                                                                                                                              | LD                    | TÁ                                     | TÁ                                     | TÁ         | TÁ                                                         |
| Ceannteideal 6                                  | 16 02.01<br>Tacaíocht chun an smacht reachta, daonlathas, an tsochaí shibhialta, cearta bunúsacha agus cearta an duine, imirce lena n-áirítear bainistiú teorann chomh maith leis an tslándáil a neartú | LD                    | TÁ                                     | TÁ                                     | TÁ         | TÁ                                                         |
| Ceannteideal 6                                  | 16 02.02<br>Tacaíocht chun éifeachtacht an riaracháin phoiblí, athchóirithe struchtúracha agus dea-rialachas a neartú.                                                                                  | LD                    | TÁ                                     | TÁ                                     | TÁ         | TÁ                                                         |
| Ceannteideal 6                                  | 16 02.03<br>Tacaíocht chun rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais a mhúnlú agus a chur i gcomhréir le rialacha an Aontais.                                                                      | LD                    | TÁ                                     | TÁ                                     | TÁ         | TÁ                                                         |
| Ceannteideal 6                                  | 16 02.04<br>Tacaíocht chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a neartú.                                                                                                                               | LD                    | TÁ                                     | TÁ                                     | TÁ         | TÁ                                                         |
| Ceannteideal 6                                  | 16 02.05<br>Tacaíocht do chomhar críochach agus trasteorann.                                                                                                                                            | LD                    | TÁ                                     | TÁ                                     | TÁ         | TÁ                                                         |

<sup>39</sup> LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

<sup>40</sup> CSTA: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

<sup>41</sup> Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

#### 3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas <sup>42</sup>

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

|                                                        |          |                                         |
|--------------------------------------------------------|----------|-----------------------------------------|
| <b>Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil</b> | <b>6</b> | <b>AN CHOMHARSANACHT AGUS AN DOMHAN</b> |
|--------------------------------------------------------|----------|-----------------------------------------|

|                                                                                         |                           |          | 2021      | 2022      | 2023      | 2024      | 2025      | 2026      | 2027      | Tar éis 2027 | IOMLÁN     |
|-----------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------|----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|--------------|------------|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí                                                | Gealltanais               | (1)      | 1 899,300 | 1 938,665 | 1 978,014 | 2 018,145 | 2 058,259 | 2 100,355 | 2 143,433 |              | 14 136,171 |
|                                                                                         | Íocaíochtaí               | (2)      | 94,239    | 337,482   | 591,552   | 995,238   | 1 460,304 | 1 589,081 | 1 678,593 | 7 389,681    | 14 136,171 |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach an chláir <sup>43</sup> | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3)      | 49,700    | 50,335    | 50,986    | 51,855    | 52,741    | 53,645    | 54,567    |              | 363,829    |
| <b>IOMLÁN leithreasuithe d'imchlúdach an chláir</b>                                     | Gealltanais               | =1<br>+3 | 1 949,000 | 1 989,000 | 2 029,000 | 2 070,000 | 2 111,000 | 2 154,000 | 2 198,000 |              | 14 500,000 |
|                                                                                         | Íocaíochtaí               | =2<br>+3 | 143,939   | 387,817   | 642,538   | 1 047,093 | 1 513,045 | 1 642,726 | 1 733,160 | 7 389,681    | 14 500,000 |

<sup>42</sup> Mar gheall ar shlánú, féadfaidh sé nach réitíonn na suimeanna iomlána le chéile.

<sup>43</sup> Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais Eorpaigh (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indéach, taighde díreach.

|                                                        |          |                                |
|--------------------------------------------------------|----------|--------------------------------|
| <b>Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil</b> | <b>7</b> | <b>"CAITEACHAS RIARACHÁIN"</b> |
|--------------------------------------------------------|----------|--------------------------------|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

|                                                                                     |                                           | 2021   | 2022   | 2023   | 2024   | 2025   | 2026   | 2027   | <i>Tar éis 2027</i> | IOMLÁN  |
|-------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------|--------|--------|--------|--------|--------|--------|--------|---------------------|---------|
| Acmhainní daonna                                                                    |                                           | 41,128 | 41,950 | 42,789 | 43,645 | 44,518 | 45,408 | 46,316 |                     | 305,755 |
| Caiteachas riaracháin eile                                                          |                                           | 3,532  | 3,602  | 3,674  | 3,748  | 3,823  | 3,899  | 3,977  |                     | 26,255  |
| <b>IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil</b> | (Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí) | 44,659 | 45,552 | 46,464 | 47,393 | 48,341 | 49,307 | 50,294 |                     | 332,010 |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

|                                                                           |             | 2021      | 2022      | 2023      | 2024      | 2025      | 2026      | 2027      | <i>Tar éis 2027</i> | IOMLÁN     |
|---------------------------------------------------------------------------|-------------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|---------------------|------------|
| <b>IOMLÁN leithreasuithe ar fud na gCEANNTIDEAL den chreat airgeadais</b> | Gealltanais | 1 993,659 | 2 034,552 | 2 075,464 | 2 117,393 | 2 159,341 | 2 203,307 | 2 248,294 |                     | 14 832,010 |
|                                                                           | Íocaíochtaí | 188,598   | 433,369   | 689,002   | 1 094,486 | 1 561,386 | 1 692,033 | 1 783,454 | 7 389,682           | 14 832,010 |

|              |  |  |  |  |  |  |  |  |  |  |
|--------------|--|--|--|--|--|--|--|--|--|--|
| ilbhliantúil |  |  |  |  |  |  |  |  |  |  |
|--------------|--|--|--|--|--|--|--|--|--|--|

3.2.2. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Blianta | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---------|------|------|------|------|------|------|------|--------|
|---------|------|------|------|------|------|------|------|--------|

|                                                                     |               |               |               |               |               |               |               |                |
|---------------------------------------------------------------------|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|----------------|
| <b>CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil</b>            |               |               |               |               |               |               |               |                |
| Acmhainní daonna                                                    | 41,128        | 41,950        | 42,789        | 43,645        | 44,518        | 45,408        | 46,316        | 305,755        |
| Caiteachas riaracháin eile                                          | 3,532         | 3,602         | 3,674         | 3,748         | 3,823         | 3,899         | 3,977         | 26,255         |
| <b>Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil</b> | <b>44,659</b> | <b>45,552</b> | <b>46,464</b> | <b>47,393</b> | <b>48,341</b> | <b>49,307</b> | <b>50,294</b> | <b>332,010</b> |

|                                                                                    |               |               |               |               |               |               |               |                |
|------------------------------------------------------------------------------------|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|----------------|
| <b>Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7<sup>44</sup> den chreat airgeadais ilbhliantúil</b> |               |               |               |               |               |               |               |                |
| Acmhainní daonna                                                                   | 41,750        | 42,585        | 43,436        | 44,305        | 45,191        | 46,095        | 47,017        | 310,379        |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin                                              | 7,950         | 7,750         | 7,550         | 7,550         | 7,550         | 7,550         | 7,550         | 53,450         |
| <b>Fo-iomlán Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil</b>    | <b>49,700</b> | <b>50,335</b> | <b>50,986</b> | <b>51,855</b> | <b>52,741</b> | <b>53,645</b> | <b>54,567</b> | <b>363,829</b> |

|               |               |               |               |               |                |                |                |                |
|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|----------------|----------------|----------------|----------------|
| <b>IOMLÁN</b> | <b>94,359</b> | <b>95,887</b> | <b>97,450</b> | <b>99,248</b> | <b>101,082</b> | <b>102,953</b> | <b>104,861</b> | <b>695,839</b> |
|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|----------------|----------------|----------------|----------------|

<sup>44</sup> Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte “BA”) a chur chun feidhme, taighde indéach, taighde díreach.

### 3.2.2.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| Blianta                                                                                                         | 2021                | 2022       | 2023       | 2024       | 2025       | 2026       | 2027       |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------|------------|------------|------------|------------|------------|------------|
| <b>• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)</b>                                        |                     |            |            |            |            |            |            |
| Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin                                                            | 199                 | 199        | 199        | 199        | 199        | 199        | 199        |
| Toscaireachtaí                                                                                                  | 50                  | 50         | 50         | 50         | 50         | 50         | 50         |
| Taighde indíreach                                                                                               |                     |            |            |            |            |            |            |
| Taighde díreach                                                                                                 |                     |            |            |            |            |            |            |
| <b>• Foireann sheachtrach (in Aonad Coibhéise Lánaimseartha: FTE) - AC, LA, SNE, INT agus JPD <sup>45</sup></b> |                     |            |            |            |            |            |            |
| Ceannteideal 7                                                                                                  |                     |            |            |            |            |            |            |
| Arna maoiniú as CEANNTÉIDEA L 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil                                              | - sa Cheanncheathrú | 25         | 25         | 25         | 25         | 25         | 25         |
|                                                                                                                 | - i dToscaireachtaí | 8          | 8          | 8          | 8          | 8          | 8          |
| Arna maoiniú as imchlúdach an chláir <sup>46</sup>                                                              | - sa Cheanncheathrú | 97         | 97         | 97         | 97         | 97         | 97         |
|                                                                                                                 | - i dToscaireachtaí | 482        | 482        | 482        | 482        | 482        | 482        |
| Taighde indíreach                                                                                               |                     |            |            |            |            |            |            |
| Taighde díreach                                                                                                 |                     |            |            |            |            |            |            |
| Eile (sonraigh)                                                                                                 |                     |            |            |            |            |            |            |
| <b>IOMLÁN</b>                                                                                                   |                     | <b>861</b> | <b>861</b> | <b>861</b> | <b>861</b> | <b>861</b> | <b>861</b> |

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

|                                     |                                                                     |
|-------------------------------------|---------------------------------------------------------------------|
| Oifigigh agus gníomhairí sealadacha | Pleanáil, clárú, bainistíocht agus faireachán ar chúnamh airgeadais |
| Foireann sheachtrach                | Pleanáil, clárú, bainistíocht agus faireachán ar chúnamh airgeadais |

<sup>45</sup> AC = Ball foirne ar Conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Gairmí Sóisearach i dToscaireacht.

<sup>46</sup> Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

### 3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

Leis an togra/tionscnamh seo:

- ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Blianta                            | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|------------------------------------|------|------|------|------|------|------|------|--------|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe |      |      |      |      |      |      |      |        |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe |      |      |      |      |      |      |      |        |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
  - ☐ ar acmhainní dílse
  - ☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Tionchar an togra/tionscnaimh <sup>47</sup> |      |      |      |      |      |      |
|-----------------------|---------------------------------------------|------|------|------|------|------|------|
|                       | 2021                                        | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
| Airteagal .....       |                                             |      |      |      |      |      |      |

I gcás ioncaim atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

<sup>47</sup> A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.